



Comhairle Chontae na Mí Tuarascáil Bhliantúil 2016



Whatever
your business...

#MakeItMeath



comhairle chontae na mí
meath county council

Clár Ábhar

Réamhrá	5
An Daonlathas Áitiúil	6
Comhairleoirí Cheantar Bardasach Chill Dhéagláin	6
Comhairleoirí Cheantar Bardasach Cheanannais.....	7
Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hInse-Bhaile an Bhiataigh.....	8
Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hUaimhe.....	10
Comhairleoirí Cheantar Bardasach Ráth Tó.....	11
Comhairleoirí Cheantar Bardasach Bhaile Átha Troim	12
Seirbhísí Corparáideacha	13
2016 - Príomh-Imeachtaí sa Mhí.....	14
Comóradh Céad Bliain ó 1916.....	14
Gleann na Bóinne – Sprioc Mhór do Bheadaithe.....	15
Tionscnamh na mBailte Folláine - An Uaimh	15
An Uaimh – Coinníonn BRATACH CHORCRA	15
Gradaim Chathrach	17
An Chumarsáid agus na Meáin	19
Seirbhís do Chustaiméirí	19
An tSaoráil Faisnéise	20
Clár na dToghthóirí	21
Clár na dToghthóirí 2016/2017	21
Sábháilteacht, Sláinte agus Bainistiú Riosca	21
Comhpháirtíocht sa Láthair Oibre.....	21
Córais Faisnéise	22
Acmhainní Daonna	22
An Phleanáil agus Bainistiú Forbartha	23
Pleanáil chun Cinn.....	23
Ranníocaíochtaí Forbartha.....	23
Gníomhaíochtaí Comhlíonta	24

Bainistiú Forbartha	24
Rialú Cairéal	24
Rialú Foirgníochta	24
An Fhorbairt Eacnamaíoch agus an Fiontar	24
Poist	24
Tacaíochtaí don Ghnó	25
An Mhargaíocht	26
Tionscnaimh Nua.....	26
An Turasóireacht	26
An Oidhreacht.....	28
Plean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020.....	28
Tionscadail 2016.....	28
Comhdháil/Páipéir/Ceardlanna le Cuirí sa bhliain 2016	29
Tithíocht.....	30
Caipiteal Tithíochta	30
Leithdháiltí Tithíochta	30
Deontais Tithíochta	30
Seirbhís Easpa Dídine	31
Cóiríocht don Lucht Siúil	31
Idirchaidreamh le Tionóntaí.....	31
An Roinn Pobail	31
Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC).....	31
An Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (LECP) 2016-2021.....	31
An Clár um Ghníomhachtú an Chuimsithe Shóisialta sa Phobal (SICAP) 2015-2017	32
An Clár Leader 2014-2020.....	32
Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN).....	32
Tionscnamh na Mí a Thacaíonn le Daoine Breacaosta.....	32
Comhairle na nÓg.....	33
Comhchoiste Póilíneachta (JPC).....	34
Saoráidí Pobail.....	34

Tionscnaimh Phobail - Mórtas Ceantair	34
An Scéim Deontais Phobail 2016.....	34
Scéim Deontais Bhaile Chearráin	35
Scéim Deontais Knockharley	36
Unity Centre, Baile na Gaoithe, An Uaimh	36
Tionscnamh an Bhaile Shláintiúil - An Uaimh.....	36
Scéim Athnuachana Baile & Sráidbhaile	37
Tionscnamh Clár.....	37
Seirbhísí Leabharlainne.....	37
An Oifig Ealaíon.....	39
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	41
Tionscnaimh um Iompar Inbhuanaithe.....	41
Athchóiriú Bóithre:.....	42
Cóiriú Dromchla:	42
Oibreacha Deisiúcháin Droichead	42
Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal	42
Scéimeanna um Iompar Inbhuanaithe.....	42
Athbheithniú ar Theorainneacha Luais.....	43
Seirbhísí Eile	43
Seirbhísí Comhshaoil, Dóiteáin & Éigeandála	44
Tuilte	44
Bainistiú Pleanála Abhantraí	44
Soláthar Sleamhnán - An Bhóinn agus An Abhainn Dubh.....	44
Cigireachtaí ar Dhabhcha Séarachais	45
Oideachas agus Gníomhaíochtaí Feasachta Comhshaoil	45
Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailiúcháin) 2016 - Íoc de réir Meáchain.	45
Tosaíochtaí Náisiúnta don Fhorghníomhú Dramhaíola don bhliain 2016.....	46
Creatlach na nÚdarás Áitiúil um Fhorfheidhmiú Comhshaoil	46
An tSeirbhís Dóiteáin	46
Plean Oibríochtaí.....	47

Oiliúint don tSeirbhís Dóiteáin	47
Cosc Dóiteáin agus Sábháilteacht Dóiteáin sa Phobal	47
An Chosaint Shibhialta	48
Seirbhísí Uisce.....	49
Plean Corparáideach 2015-2019 – Cuspóirí Straitéiseacha & Straitéisí Tacúla:	50
Aguisín 1 - Comhaltaí na gCoistí Beartais Straitéisigh (SPC)	99
SPC Seirbhísí Comhshaoil	99
SPC Iompair	100
An CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontar.....	100
SPC Tithíochta, Forbartha Pobail & Cultúrtha.....	101
Aguisín 2 – Gníomhaíochtaí SPC	103
Gníomhaíochtaí na gCoistí Beartais Straitéisigh 2016	103
Aguisín 3 – Coistí na Comhairle	104
Aguisín 4 – Íocaíochtaí le Comhaltaí Chomhairle Contae na Mí.....	110
Aguisín 5 – Comhdhálacha thar Lear	110
Aguisín 6 – Comhdhálacha sa Tír	111
Aguisín 7 – Cruinnithe na Comhairle – 2016	115
Aguisín 8 – Ráiteas Airgeadais Bhliantúil	116
Aguisín 9 - Ciste Lánroghnach Chomhaltaí na gCeantar Bardasach 2016	117

Réamhrá



An Clr. Maria Murphy
Cathaoirleach



Jackie Maguire
Príomhfheidhmeannach

Is cúis áthais dúinn an Tuarascáil Bhliantúil seo a chur faoi bhráid Chomhairle Contae na Mí, ina dtugtar achoimre ar ghníomhaíochtaí agus gnóthachtálacha na Comhairle don bhliain 2016.

Tá Comhairle Contae na Mí tar éis beagnach dhá bhliain a chur di leis na struchtúir nua a bhaineann le hathchóiriú an Rialtais Áitiúil agus, cé gur bhain dúshlán leis do gach duine lena mbaineann, táthar tar éis a thuilleadh éifeachtúlachtaí, nuálaíochta agus aird athnuaithe a dhíriú ar an gcustaiméir agus ar an bpobal leis. Bhí an bhliain 2016 fíormhaith trí chéile, agus táthar tar éis torthaí fíordhearfacha a ghnóthú leis an gcur chuige i bhfabhar leis an ngnó agus le custaiméirí, go háirithe chun a chinntiú go mbíonn an Mhí i lár an aonaigh agus cinní infheistíochta i gceist.

B'ionann an buiséad ar glacadh leis don bhliain 2016 agus beagnach €101m, agus ba é an dea-scála don phobal gnó gur fhan na rátaí tráchtála gan athrú don seachtú bliain as a chéile.

Ba é an príomhchuspóir agus Buiséad na bliana 2016 á dhréachtú chun an leibhéal seirbhísí reatha a chothabháil agus chun forálacha méadaithe a thabhairt do roinnt limistéar ar nós chothabháil agus fheabhsú na nAonad Tithíochta, na Seirbhísí Easpa Dídine, na nDeontas Tithíochta um Áiseanna Soghluasteachta, agus shíneadh agus fhorghéadú na Scéime Tacaíochta do Ghnólachtaí Beaga.

Táthar tar éis an dara bliain d'fhorfheidhmiú ár Straitéise Forbartha Geilleagraí 2014-2022 a ghnóthú, agus tá torthaí fíordhearfacha agus scéalta rathúla tar éis bheith léi trasna an chontae. Ceaptar an Mhí anois gan aon amhras mar phríomhláthair ghnó ar an ardán náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhain torthaí dearfacha leis an aird chun gnólachtaí a mhealladh chun na Mí, agus ar chruthú na bpost, le roinnt tionscadal ar siúl lenár áiríodh Lárionad Sonraí Facebook ag Cluain Aodha, an grúpa cógaisíochta Shire agus fógraí suntasacha eile ar fud an chontae.



Ba bhliain chomórtha speisialta í in Éirinn freisin, agus bhí an Mhí i gceann feadhna le heagrú chlár imeachtaí ina ndearnadh cuimhneachán ar imeachtaí na bliana 1916 ar bhealach maorga, samhlaíoch agus urramach. Tháinig go leor imeachtaí mórtasacha ó na gníomhaíochtaí ceiliúrtha agus cuimhneacháin don chéad bliain sa chontae, do gach duine a ghlac rannpháirt, agus a d'fhreastail ar go leor imeachtaí a eagraíodh i gcaitheamh na bliana.

Tacaíodh sna tionscnaimh Mhórtais Cheantair le gach grúpa pobail a thugann a gcuid ama chun bailte, sráidbhailte agus scoileanna an chontae a thiontú ina láithreacha mealltacha do mhuintir na Mí. Gabhaimid buíochas le go leor eagrais saorálach agus pobail a bhíonn rannpháirteach chun an Mhí a fheabhsú. Gabhaimid buíochas lenár gComhairleoirí, Cathaoirligh agus le Comhaltaí na gCoistí Beartais Straitéisigh, leis an bhFoireann Bhainistíochta, as ucht a gcomhoibrithe, óir nárbh fhéidir na gnóthachtálacha go léir a dtugtar achoimre orthu sa Tuarascáil Bhliantúil seo a bhaint amach in éagmais a dtacaíochta agus a dtiomantais.

An Daonlathas Áitiúil

Comhairleoirí Cheantar Bardasach Chill Dhéagláin

	Bonner	Joe	Neamh-Pháirtí	Bóthar Bhaile an Mhuilinn, Domhnach Mór, Cill Dhéagláin, Co. na Mí Ríomhphost: joe.bonner@members.meathcoco.ie	087-9749563
	Jamal	Suzanne	Fine Gael	"Rahmait", Baile an Phléimeannaigh, Baile an Rátha, Co. na Mí Ríomhphost: suzanne.jamal@members.meathcoco.ie	087-7971297
	O'Driscoll	Claire, An Dr.	Fianna Fáil	Baile an Cheantaigh, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: claire.odriscoll@members.meathcoco.ie	086-1545389
	O'Rourke	Darren	Sinn Féin	11 Hunter's Court, Cill Dhéagláin, Co. na Mí Ríomhphost: darren.orourke@members.meathcoco.ie	087-4119654


	Smith	Seán	Fianna Fáil	An Baile Trasna, Cill Dhéagláin, Co. na Mí Ríomhphost: sean.smith@members.meathcoco.ie	085-8203065
	Tobin	Alan	Fine Gael	9 Radharc an Iarthair, Cill Dhéagláin, Co. na Mí Ríomhphost: alan.tobin@members.meathcoco.ie	087-6117669

Comhairleoirí Cheantar Bardasach Cheanannais

	Cassidy	Eugene	Fine Gael	Baile Phoirsne, An Obair, Co. na Mí Ríomhphost: eugene.cassidy@members.meathcoco.ie	086-3717686
	Drew	Sean	Fianna Fáil	8 Corrán Cheanannais, Ceanannas, Co. na Mí Ríomhphost: sean.drew@members.meathcoco.ie	087-4121803
	Gallagher	Michael	Sinn Féin	Droim Conrach, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: michael.gallagher@members.meathcoco.ie	087-9478222

	Gilroy	David	Neamh-Pháirtí	An tSráid Mhór, Baile Átha Buí, Co. na Mí Ríomhphost: david.gilroy@members.meathcoco.ie	087-4172136
	Guirke	Johnny	Sinn Féin	An Loch Bán, Droim Eamhna, An Seanchaisleán, Co. na Mí Ríomhphost: johnny.guirke@members.meathcoco.ie	087-1239670
	Reilly	Bryan	Fianna Fáil	Bóthar Ghort na Carraige, Ceanannas, Co. na Mí Ríomhphost: bryan.reilly@members.meathcoco.ie	086-2599184 046-9240122
	Reilly	Sarah	Fine Gael	36 Plás Bheighthí, Ceanannas, Co. na Mí Ríomhphost: sarah.reilly@members.meathcoco.ie	086-4085679



Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hInse-Bhaile an Bhiataigh

	Ferguson	Eimear	Sinn Féin	Béibeac Beag, Baile Iúiliáin, Co. na Mí Ríomhphost: eimear.ferguson@members.meathcoco.ie	089-4511757
---	----------	--------	-----------	--	-------------



	Harding	Wayne	Fianna Fáil	Rathmaiden, Baile Shláine, Co. na Mí Ríomhphost: wayne.harding@members.meathcoco.ie	087-7446730
	Kelly	Tom	Neamh-Pháirtí	Uí Máine, Bóthar na Trá, An Inse, Co. na Mí Ríomhphost: tom.kelly@members.meathcoco.ie	086-3817700
	Keogan	Sharon	Neamh-Pháirtí	An tSráid Mhór, Damhliag, Co. na Mí Ríomhphost: sharon.Keogan@members.meathcoco.ie	087-6773800
	McKee	Stephen	Fianna Fáil	46 Park Woods, Rath na Gráinsí, Colpa, Co. na Mí Ríomhphost: stephen.mckee@members.meathcoco.ie	086-0432760
	Meade	Paddy	Fine Gael	Rathbran Church, Baile Lóibín, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: paddy.meade@members.meathcoco.ie	087-6495907
	Tolan	Sharon	Fine Gael	132 Coillte Bhaile an Bhiataigh, Baile an Bhiataigh, Co. na Mí Ríomhphost: sharon.tolan@members.meathcoco.ie	086-3669852

Comhairleoirí Cheantar Bardasach na hUaimhe

	Burke	Sinead	Sinn Féin	Graigs Lane, Dún Mó, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: sinead.burke@members.meathcoco.ie	087-3124200
	Fitzsimons	Pádraig	Fianna Fáil	Knowth House, Ráth Arlain, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: padraig.fitzsimons@members.meathcoco.ie	086-8238636
	Deane	Francis	Neamh-Pháirtí	5 Céide na hAbhann Duibhe, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: francis.deane@members.meathcoco.ie	086-1234856 046-9023696
	Forde	Wayne	Neamh-Pháirtí	64 Páirc Parnell, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: wayne.forde@members.meathcoco.ie	086-3845807
	Holloway	Jim	Fine Gael	Bóthar na Bóinne, Baile Fargáin, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: jim.holloway@members.meathcoco.ie	086-2355236


	Reilly	Joe	Sinn Féin	Cnoc Fraocháin, An Bóthar Mír, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: joe.reilly@members.meathcoco.ie	087-2478508
	Reilly	Tommy	Fianna Fáil	Ard Salach, An Uaimh, Co. na Mí Ríomhphost: tommy.reilly@members.meathcoco.ie	087-7450149

Comhairleoirí Cheantar Bardasach Ráth Tó

	Fitzgerald	Brian	Neamh-Pháirtí	Baile an Bhairínigh, Cill Choca, Co. na Mí Ríomhphost: brian.fitzgerald@members.meathcoco.ie	01-8251847 087-2508247
	Killian	Nick	Neamh-Pháirtí	Ráth Tó, Co. na Mí Email: nick.killian@members.meathcoco.ie	087-2596753 01-8355435
	Murphy	Maria	Fine Gael	3 An Clós, Lutterell Hall, Dún Búinne, Co. na Mí Email: maria.murphy@members.meathcoco.ie	087-6579895

	O'Connor	Gerry	Fine Gael	23 Na Dúnta, Dún Seachlainn, Co. na Mí Ríomhphost: gerry.oconnor@members.meathcoco.ie	087-2838311
	O'Kane	Maria	Sinn Féin	Bóthar na Scríne, Scalestown, Dún Seachlainne, Co. na Mí Ríomhphost: maria.okane@members.meathcoco.ie	086-3306311
	O'Reilly	Damien	Fianna Fáil	2 Oakridge Crescent, Dún Búinne, Co. na Mí Ríomhphost: damien.oreilly@members.meathcoco.ie	086-8722645
	Toole	Gillian	Fine Gael	Curkeen, Ráth Tó, Co. na Mí Ríomhphost: gillian.toole@members.meathcoco.ie	086-0891221

Comhairleoirí Cheantar Bardasach Bhaile Átha Troim

	Flynn	Enda	Fine Gael	43 New Inn, An Baile Buí, Co. na Mí Ríomhphost: enda.flynn@members.meathcoco.ie	086-8153595
---	-------	------	-----------	---	-------------

	Fox	Joe	Fine Gael	Cluain Uí Dhubhgáin, Cnoc an Línsigh, Co. na Mí Ríomhphost: joe.fox@members.meathcoco.ie	087-2631318
	French	Noel	Fine Gael	10 Bóthar Cheanannais, Baile Átha Troim. Co. na Mí Ríomhphost: noel.french@members.meathcoco.ie	086-8053293
	Golden	Trevor	Neamh- Pháirtí	Lána an Teampaill, Baile Átha Troi, Co. na Mí Ríomhphost: trevor.golden@members.meathcoco.ie	086-4008007
	Lynch	Caroline	Sinn Féin	Ráth Chairn, Baile Átha Buí, Co. na Mí Ríomhphost: caroline.lynch@members.meathcoco.ie	086-8541199
	McKenna	Ronan	Fianna Fáil	6 Leac an Ais, Baile Átha Troim, Co. na Mí Ríomhphost: ronan.mckenna@members.meathcoco.i e	087-2901450

Seirbhísí Corparáideacha

Is é an cuspóir straitéiseach atá ag an Roinn Seirbhísí Corparáideacha chun saothrú laistigh de chreatlach na bprionsabal daonlathach, rud a éascaíonn do sheachadadh seirbhísí den scoth chun sochair gach duine dár bpobal.

- Éascaíodh do Chomhairleoirí i ndáil lena ról daonlathach ag an gComhairle í féin agus trí mheán struchtúr na gCeantar Bardasach.
- Tugadh faoi athbhreithniú den Phlean Corparáideach 2015-2019.
- Forbraíodh agus foilsíodh an Plean Bliantúil um Sholáthar Seirbhíse.
- Gabhadh faisnéis agus bainistíodh rialú cáilíochta, foilsíú agus leithdháileadh Chlár na dToghthóirí.
- Idirghníomhaíodh leis na meáin náisiúnta, áitiúla agus sóisialta chun faisnéis a sholáthar agus chun saothar na Comhairle agus a rannchur le saol an chontae a chur chun cinn.
- Riaradh forálacha reachtúla na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, um Chosaint Sonraí, an Ombudsman agus na dTeangacha Oifigiúla de réir mar a bhaineann feidhm leo don údarás áitiúil.
- Forfheidhmíodh forálacha na Creatlaí Eiticiúla um Sheirbhís Rialtais Áitiúil de réir mar a bhaineann feidhm léi do Chomhairleoirí agus don fhoireann.
- Cuireadh chun cinn cultúr na sábháilteachta sa láthair oibre, na sláinte, an leasa, an oideachais agus na hoiliúna trí chlár sláinte agus sábháilteachta onghníomhach atá deartha chun éilimh shonracha na foirne a shásamh.
- Ullmhaíodh an Beartas Cuimhneacháin Shibhialta do Chomhairle Contae na Mí agus na socrúithe don Phrótacal Eamhnaithe.
- Bainistíodh réimse gníomhaíochtaí i dtaca le 1916 i gcomhar le
- Coiste Stiúrtha 1916, lenar áiríodh Gairdín Cuimhneacháin 1916 i ngach ceann de na Ceantair Bhardasacha, an Cuimhneacháin Stáit do Chath Chill Dhéagláin, athainmniú roinnt droichead, agus imeachtaí chur i láthair do dhaoine os cionn céad bliain d’aois sa chontae.
- Athosclaíodh Ionad Oidhreachta Cheanannais mar spás taispeántais.

2016 - Príomh-Imeachtaí sa Mhí

Comóradh Céad Bliain ó 1916

Ceiliúradh agus cuimhneachán ar chéad bliain ó Éirí Amach 1916 sa chontae, ónar tháinig go leor imeachtaí mórtais do gach duine a bhí rannpháirteach agus a d’fhreastail ar an iliomad imeachtaí a réachtáladh ar fud na bliana.

Eagraíodh gníomhaíochtaí cuimhneacháin na bliana 1916 i gcomhar le Coiste Stiúrtha 1916, agus áiríodh leo oscailt Ghairdín Cuimhneacháin 1916 i ngach ceann de na Ceantair Bhardasacha, athainmniú roinnt droichead, agus imeachtaí bronnta ag an gCathaoirleach do roinnt daoine os cionn céad bliain d’aois sa chontae.

Caithfear moladh a thabhairt do thiomantas agus cruthaitheacht na ngrúpaí agus na n-eagras pobail as an céad bliain a chomóradh. Chonacthas an t-imeacht mórthaibhseach Cuimhneacháin Stáit ag Cill Dhéagláin do chách mar imeacht a léiríodh le stíl, suntas agus dínit chorraitheach, ónar tháinig rannpháirtíocht agus tuiscint phoiblí nach bhfacthas a macasamhail roimhe seo. Cuireadh an t-imeacht ar ghearrliosta do Dhámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil le Comhlachais Éireann sa bhliain 2016. Ba bhuaicphointe eile é an léiriúchán amharclannaíochta arna choimisiúnú ag an gComhairle ‘Wild Sky’ le Deirdre Kinahan, a áiríodh leis an gclár um Chuimhneacháin Idirnáisiúnta, le taibhléirithe i Nua-Eabhrac a díoladh amach.

Gleann na Bóinne – Sprioc Mhór do Bheadaithe

Fuair Gleann na Bóinne an gradam mar Sprioc Mhór do Bheadaithe i mí Mheán Fómhair ó Chumann Bialann na hÉireann tar éis dianphróiseas iarratais, cuairteanna baile agus os cionn 10,000 vóta ar líne. D’fheidhmigh buaiteoir Ghleann na Bóinne mar cheannaire iontach mar sprioc do bheadaithe. Ba iadsan a leag an tagarmharc don turasóireacht bhia in Éirinn idir rianta tapas agus safari bia agus straitéisí nuálaíocha don fhorás agus don fhorbairt. Nochtadh an buaiteoir ag imeacht a réachtáladh in Óstán Dhúlainn, Co. an Chláir.

Tionscnamh na mBailte Folláine - An Uaimh

Is tionscnamh mór é na Bailte Folláine a cistíodh agus a eagraíodh ag Pfizer agus a seoladh go hoifigiúil san Uaimh an 6 Meán Fómhair 2016 le Hector Ó hEochagáin.

Soláthraítear leis an tionscnamh deis do bhaile réigiúnach amháin in Éirinn in aghaidh na bliana chun ceiliúradh a dhéanamh ar gach ní a thairgtear ann ó thaobh na sláinte agus na sochaí de, agus chun feasacht a spreagadh i measc shaoránaigh an bhaile faoi chumas sláinte a gceantair áitiúil. Baineann gníomhaíochtaí breise saora in aisce leis freisin i ndáil leis an tsláinte ag tarlú sa bhaile ar mhaithe le leas an phobail go léir.

Ba thar thréimhse ocht seachtaine a réachtáladh an tionscnamh i rith mhí Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair 2016. Áiríodh leis an gclár breis agus 300 scagthástáil sláinte ag Foras Croí na hÉireann, cruinnithe faisnéise poiblí, siúlóidí/rití agus turais chothaithe ollmhargaí, comhairle agus a thuilleadh nach iad.

Bhí feachtas poiblíochta cuimsitheach ann freisin i rith na n-ocht seachtaine, le fógraíocht agus ailt gach seachtain i bhforlónadh sláinte *the Irish Times* agus sna nuachtáin agus stáisiúin raidió áitiúla, agus le suíomh saintiomanta arna óstáil ar láithreán gréasáin *the Irish Times*.

An Uaimh – Coinníonn BRATACH CHORCRA

Ghnóthaigh an Uaimh stádas mór le rá Bhratach Chorcra as a geilleagar um thráthnóna agus istoíche i mí Mheán Fómhair 2015. Fuair an baile a chreidiúnú Athnuachana Eatramhaí sa bhliain 2016, ag coinneáil a stádais mar sprioc Bhratach Chorcra don bhliain 2016 Chun rath a mBrataí Corcra a cheiliúradh, d’eagraigh trádálaithe a oibríonn idir na huaireanta 5.00 i.n. agus 5.00 r.n. an deireadh seachtaine idir 7 agus 9 Deireadh Fómhair sraith imeachtaí agus tionscnamh chun an Uaimh a chur chun cinn mar sprioc um thráthnóna agus istoíche don tsiopadóireacht, itheachán, ólachán agus siamsaíocht. Cuimsíonn grúpa oibre Bhrataí Corcra ionadaithe ó phobal gnó na hUaimhe um thráthnóna agus istoíche, Comhlachas Tráchtála na hUaimhe, Comhairle Contae na Mí agus An Garda Síochána; bunaíodh an grúpa leathanach *Facebook Purple Flag Navan* nua chun gníomhaíochtaí comhordaithe faoin tionscnamh Bhratach Chorcra a chur chun cinn.



Lucht eagraithe na gceiliúrthaí don Bhratach Chorcra le Méara na hUaimhe An Clr. Francis Deane



An Cathaoirleach An Clr. Brian Fitzgerald - bronnadh ar Nancy Stewart céad bliain d'aois.



Oscailt Ghairdín Cuimhneacháin 1916 i gCill Dhéagláin



Nochtadh grianghraif de Partick Clynch - Searmanas stáit - Cill Dhéagláin



Comórthaí 1916 i gCill Dhéagláin mar chuid den searmanas stáit

Gradaim Chathrach

Eagraíodh fáiltithe cathartha sa bhliain 2016 chun aitheantas a thabhairt do ghnóthachtálacha suntasacha daoine i gContae na Mí mar seo a leanas:

- Grúpaí agus daoine a bhí rannpháirteach le hAthchruthú Chath Chill Dhéagláin 1916 an 28 Márta 2016
- Nochtadh Miontuairiscí ón gCruinniú Comhairle an 4 Bealtaine 1916, sínithe le Joseph Keappock
- Bhronn Ceantar Bardasach na hUaimhe onóir ar Chosaint Shibhialta na Mí, Tarrtháil ó Abhainn na Mí, Garda Cósta Dhroichead Átha, Garda Cósta Bhinn Éadair, Tarrtháil ó Abhainn Laighean, Alpha Dive, Seirbhís Tarrthála & Aisghabhála Iascairí na Bóinne, Tarrtháil ó Abhainn Dhroichead Átha, Aonad Cuardaigh & Aisghabhála Fo-Uisce na hÉireann, An Garda Síochána agus Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Chomhairle Contae na Mí - An Uaimh
- Rath Chumann Sacair Navan Cosmos idir na blianta 2015 agus 2016
- Bhronn Ceantar Bardasach Ráth Tó gradaim ar na Grúpaí agus na Daoine Aonair seo a leanas:

- Cumann CLG Naomh Peadar, Dún Búinne; Foireann Iomána Chill Táille; CLG Ráth Tó; Foireann Idirmheánach CLG Ráth Tó; Cumann BMX Ráth Tó – Eoin Corrigan, Adam Davis, Daniel Barker, Tommy Campbell, Matthew Malone, Aaron Edwards, David Dorney, Matthew Campbell, Jake Lynch, Kelvin Batey; Kerrie Leonard; Paddy Maher; Lúthchleasaíocht Dhún Seachlainn; Daltaí Phobalcholáiste Dhún Seachlainn
- Rath CLG Bhaile Shíomóin sa bhliain 2016
- Ceiliúradh 200 Céad Bliain ó tógadh Eaglais na hÉireann Naomh Muire, An Uaimh
- Thug Ceantar Bardasach Bhaile Átha Troim gradaim do ghrúpaí agus daoine aonair a bhain le cuimhneachán ar an mbliain 1916 thar ceann mhuintir Bhaile Átha Troim



Rannpháirtithe Chath Chill Dhéagláin - Bronnadh ar sheirbhísí éigeandála.



Fáiltiú Cathartha i Halla Bhaile na hUaimhe



Comóradh 200 bliain ó Eaglais na hÉireann Naomh Muire - Bronnadh ar CLG Bhaile Shíomóin

An Chumarsáid agus na Meáin

Feidhmíonn an Roinn Seirbhísí Corparáideacha eochair-ról chun a chinntiú go mbíonn faisnéis chruinn, thráthúil agus ábhartha ar fáil don phobal, comhaltaí tofa agus foireann na comhairle. Baintear leas as réimse bealaí cumarsáide chun a chinntiú go mbíonn an fhaisnéis inrochtana agus ar fáil go forleathan.

Soláthraítear deiseanna don Chomhairle leis na meáin sóisialta chun faisnéis a chur i gcumarsáid i bhformáid níos neamhthraidisiúnta. Lean an Chomhairle ar aghaidh sa bhliain 2016 le forbairt a cumarsáide meán sóisialta chun ligean do chumarsáid na faisnéise, na bhfoláireamh ón gComhairle, preaseisiúintí, imeachtaí ag teacht aníos nó fógraí poiblí don lucht éisteachta/féachana ab fhorleithne agus ab fhéidir. B'ionann líon na leantóirí sna meáin sóisialta ag Comhairle Contae na Mí faoi dheireadh na bliana 2016: Facebook: 3,160; LinkedIn: 1,428 Twitter: 6,020. Is ionann an méid sin agus méadú faoi 3,217 leantóir sna meáin sóisialta ón mbliain 2015.

Reáchtáladh Twitter - #OurCouncilDay an 2 Márta 2016: Ba í an aidhm leis chun rannpháirtíocht leis an bpobal a mhéadú, chun feasacht a spreagadh i leith na seirbhísí a sholáthraímid, agus chun gné dhaonna na seirbhísí úd a léiriú ar bhealach éadrom agus faisnéiseach. D'éirigh thar cionn leis – fuair ár dtuíteanna 33,237 amharc an lá úd. (is ionann na hamhairc agus líon na n-uaireanta a chonaic na húsáideoirí na tuíteanna ar Twitter).

Seirbhís do Chustaiméirí

Is trína Plean um Sheirbhísí do Chustaiméirí atá Comhairle Contae na Mí tiomanta chun an cúram is fearr agus is féidir a sholáthar dár gcustaiméirí. Thar aon ní eile, bíonn daoine ag dúil le cúirtéis, íogaireacht agus freagra uathúil dá n-éilimh agus leis an moill is lú nuair a dhéantar teagmháil lena gComhairle Contae - agus na nithe sin tuille acu. Creidimidne gur gné riachtanach den tseirbhís den scoth do chustaiméirí í an rogha. Is sa chomhthéacs sin a éascóidh Comhairle Contae na Mí, an oiread agus is féidir, do na bealaí is fearr le daoine chun seirbhísí a fháil. B'fhéidir nach mbeimid in ann gach duine a shásamh, ach caithimid le daoine go hurrámach agus go gairmiúil, agus muid sásta go ndearnamar ár ndícheall.

Is í an Fhoireann um Sheirbhísí do Chustaiméirí a sholáthraíonn cúnamh agus eolas i leith fiosruithe ag an gcéad pointe teagmhála ag custaiméirí, agus cúrsaí níos mionsonraithe á bplé leis na ranna seirbhíse. Tá an múnla bunaithe ar an dea-chumarsáid, dea-nósanna imeachta um sheirbhís do chustaiméirí agus córas TF seirbhíse do chustaiméirí nua.

An tSaoráil Faisnéise

Coinníonn Comhairle Contae na Mí uirthi ag áirithiú go mbíonn rochtain ag duine ar bith le leas iomchuí chun faisnéis a fháil ar an bhfaisnéis sin trí mheán an tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF) 2014.

Is iad na taifid a chuirtear ar fáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise na taifid úd nach mbíonn ar fáil cheana féin faoin reachtaíocht mhalartach, agus bíonn feidhm leo i leith gach taifead údaráis áitiúil a cruthaíodh tar éis 21 Deireadh Fómhair 1998.

Ní foláir do chomhlachtaí Saorála Faisnéise (SF) de réir an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 ar nós Chomhairle Contae na Mí chun taifead nochtuithe a fhoilsiú, ina bhfaightear mionsonraí na gcineálacha iarratas a fuarthas faoin SF agus na gcinntí ar ghlac an comhlacht leo mar fhreagra ar na hiarratais úd. Is ar láithreán gréasáin na Comhairle ag www.meath.ie a liostaítear na nochtuithe.

Is iad seo a leanas na staitisticí ón mbliain 2016 a bhaineann le hiarratais ar Shaoráil Faisnéise:

Líon Iarrtas a Fuarthas	138
Tugtha anonn ón mbliain 2015	06
Iomlán	144
Líon na n-iarratas Deonaithe/Leathdheonaithe	85
Líon na n-iarratas Diúltaithe	22
Iarratais Aistrithe	03
Tarraingthe siar nó Pléadh leo lasmuigh den SF	18
Cásanna beo ag deireadh na bliana 2016	16
Líon na nAthbhreithnithe Inmheánacha	01
Líon na nAchomharc chun an Choimisinéara Faisnéise	0

Clár na dTogthóirí

Clár na dTogthóirí 2016/2017

Foilsíodh Clár na dTogthóirí i mí Feabhra na bliana 2016, agus léiríodh daonra vótála mar seo a leanas ann:

Togthóirí Dála	136,313
Togthóirí Uachtaránacha	134,754
Togthóirí Eorpacha	138,324
Togthóirí Áitiúla	140,515
Vótálaithe Poist	754

Tugtar miondealú sa mhéid seo a leanas ar na Togthóirí Áitiúla de réir Toghcheantair Áitiúil:

Cill Dhéagláin:	19,994
Ceanannas:	25,678
An Inse-Baile an Bhiaitaigh:	23,462
An Uaimh:	21,974
Ráth Tó:	24,487
Baile Átha Troim:	24,920

Sábháilteacht, Sláinte agus Bainistiú Riosca

Leanadh ar aghaidh sa bhliain 2016 ag forfheidhmiú, ag athbhreithniú agus ag leasú an Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta (SMS) de réir mar ba ghá. Táthar tar éis an SMS Corparáideach iomlán a rolladh amach ar gach fostaí, agus táthar ag dul ar aghaidh lena fhorfheidhmiú ar fud gach ceann de na Ranna.

Tugadh cúnamh, ar bhunús leanúnach, do Ranna i leith leasú, agus i leith fhorbairt i roinnt cásanna na measúnachtaí riosca.

Ba í an Roinn Sábháilteachta a thionscain forfheidhmiú an Chláir um Bainistiú Gníomhaíochta (Sugar CRM) ar fud an Eagrais.

Rinneadh imscrúduithe sábháilteachta i rith na bliana 2016, agus bíonn gach Roinn rannpháirteach sa chlár.

Comhpháirtíocht sa Láthair Oibre

Bhí an Chomhpháirtíocht sa Láthair Oibre fós mar uirlis don Lucht Bainistíochta agus do na Ceardchumainn chun saothrú le chéile maidir le saincheistean eagrúcháin agus le bainistiú na n-athruithe. Bhuaile an Grúpa chun Plé le hAthruithe Móra le chéile uair amháin, agus bhuaile an Coiste áitiúil um Chomhpháirtíocht sa Láthair Oibre le chéile cúig huaire. Ba í an aidhm fhoriomlán chun torthaí dearfacha a chruthú do gach duine lena mbaineann: don lucht bainistíochta, do na ceardchumainn, do na fostaí agus don phobal.

Córais Faisnéise

Choinnigh an roinn Córas Faisnéise uirthi i rith na bliana 2016 ag seachadadh tionscadal um fheabhsú an ghnó ar fud an eagrais go léir, agus a haird ar chobhsaíocht oibriúcháin agus ar shlándáil sonraí á cothabháil aici.

Oibríochtaí TF – B’aird mhór don bhliain í ullmhú an chomhshaoil TF don cheanncheathrú nua. Táthar tar éis naisc líonra, WiFi, Closamharc, agus réitigh bhreactha lárnaíthe a dhearadh agus a fhorfheidhmiú. Táthar tar éis córas áirithintí do sheomra cruinnithe a fhorfheidhmiú chun ról ríthábhachtach na seomraí cruinnithe sa chomhshaoil gan landairí a léiriú. Táthar tar éis an Mhótarcháin a asnamh chuig ár gcóras teileafónaíocht IP mar chuid den ullmhacht dá mbogadh. Uasghrádaíodh an córas bainistíochta airgeadais Agresso go rathúil, agus táimid tar éis Córas Bainistíochta Leabharlainne nua a fhorfheidhmiú freisin. Táthar ar tí tairiscint a dhámhachtain d’athchur ár gcomhshaoil stórála agus freastalaí, lena n-áirítear athshlánú ó thubaiste agus cóipeanna cúltaca.

Réitigh Ghnó – Choinníomar orainn ag feabhsú Sugar CRM chun éilimh na seirbhíse do chustaiméirí de chuid an eagrais a shásamh, agus táthar ag tástáil uasghrádaíthe mhóir. Táthar tar éis tús a chur leis an saothar ar athchur iomlán an láithreáin ghréasáin www.meath.ie agus roinnt láithreán gréasáin le cuspóirí sonracha á bhforbairt, go háirithe sa réimse Pobail agus Gnó. Táthar tar éis leanúint ar aghaidh ag soláthar tacaíocht don tithíocht ina n-úsáid den iHouse. Táimid tar éis gach bogearra CAD laistigh den eagrais a uasghrádú.

Acmhainní Daonna

Ba mar chuid den phleanáil leanúnach d’fhórsa saothair sa bhliain 2016 a rinne an Roinn Acmhainní Daonna athbhreithniú leanúnach ar leibhéal agus riachtanais foirne ar fud na limistéar seirbhíse éagsúil.

Tugadh faoi mhachnamh le forfheidhmiú na pleanála d’fhórsa saothair sa bhliain 2016 i leith na nithe seo a leanas:

- Gníomhaíocht mhéadaithe ó thaobh na hearcaíochta agus an roghnaithe ar fud na hearnála;
- Maolú náisiúnta ar na riachtanais a bhaineann leis an moratóir sa tseirbhís phoiblí;
- Méadú coibhneasta sna deiseanna ar fud na hearnála agus iarmhartach ar shoghluaisteacht fostaíochta agus oilteachta;
- An phleanáil do líonadh folúntas agus d’ionduchtú agus forbairt na foirne nua.
- Cur i bhfeidhm na Scéime Gateway lena n-áirítear laghdú líon na foirne fostaithe tríd an meán céanna sin;
- Próiseas um athrú bainistíochta lena n-áirítear pleanáil don bhogadh chuig na hOifigí Cathartha nua.

Chuir an Roinn Acmhainní Daonna i gcrích an chéad chomórtas d’Oifigeach Cléireachais Réigiúnach san earnáil thar ceann Chomhairlí Contae na Mí, Chill Dara agus Chill Mhantáin.

Leabaíodh a thuilleadh an socrú párolla nua (MyPay) sa bhliain 2016. Chuir an fhoireann Aoisliúntais tús le saothar d’aistriú na feidhme aoisliúntais chuig MyPay. Tá an t-aistriú do Chomhairle Contae na Mí dlite sa bhliain 2017.

Choinnigh an tAonad Oiliúna air ag athbhreithniú na riachtanais oiliúna ar fud an eagrais. Táthar tar éis dul chun cinn nach beag a ghnóthú i dtéarmaí choinneáil na dtairiscint, shainnithint na mbearnaí oiliúna, agus soláthar na modhanna oiliúna agus tuairiscithe.

Tugadh aird nach beag do na próisis agus nósanna imeacht Acmhainní Daonra ar fud na bhfeidhmeanna éagsúla lena n-áirítear bainistiú comhad agus cáipéisí, earcaíocht agus roghnú, párolla, oiliúint, agus bainistiú freastail.



An Phleanáil agus Bainistiú Forbartha

Pleanáil chun Cinn

Glacadh le hAthrú 3 den Phlean Forbartha Contae ag an gComhairle iomlán ag Cruinniú Speisialta an 23 Bealtaine 2016. Is leis an Athrú sin a aontaítear an Plean Forbartha Contae le heochair-phrionsabail na Straitéise Forbartha Geilleagraí do Chontae na Mí, 2014-2022. Is mar chuid d'fhorfheidhmiú na Straitéise Forbartha Geilleagraí a bhíonn freagracht ag an bhfoireann um Pleanáil chun Cinn do thabhairt chun tosaigh na n-iaratas pleanála a bhaineann leis an bhforbairt eacnamaíoch.

Chuir Comhairle Contae na Mí chun cinn freisin an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP). Is plean sé bliana atá sa LECP ina leagtar amach na cuspóirí agus na bearta a theastaíonn chun an fhorbairt pobail agus eacnamaíoch a chur chun cinn agus chun tacú léi.

Áirítear le pleananna oibre ar cuireadh tús leo sa bhliain 2016 Clár na Suíomhanna Folmha agus Pleananna Fearainn Phoiblí éagsúla.

Cuireadh tús le hathbhreithniú an Phlean Forbartha Contae freisin i mí na Nollag 2016.

Ranníocaíochtaí Forbartha

Is seasmhach agus cuibheasach feabhsaithe ó leibhéal na bliana 2015 iad na fáltais ó ranníocaíochtaí forbartha, le táirgeacht réamh-mheasta de €6 milliún don bhliain 2016.

Tháinig an Dréacht-Scéim um Ranníocaíochtaí Forbartha 2016-2021 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2016. Tairgtear roinnt laghduithe sa Scéim ar an bpraghas in aghaidh an aonaid chónaithe, chomh maith le dreasachtaí don ghnó, tionscal agus talmhaíocht.

Is amhlaidh ina theannta sin atáthar tar éis laghduithe timpeall €1.3m a fheiceáil le forfheidhmiú an tAcht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithíocht 2015, a tháinig i bhfeidhm ó 1 Meán Fómhair 2015.

Gníomhaíochtaí Comhlíonta

Tháinig leibhéal na ngearán aníos ábhairín ón mbliain 2015, agus 176 Litir Foláirimh arna n-eisiúint le chéile le 57 Fógra Forfheidhmiúcháin ar réimse saincheisteanna neamh-chomhlíonta agus forbartha neamhúdaraithe. Áirítear leis na figiúirí úd an beart a glacadh don neamh-chomhlíonadh le forálacha airgeadais na gceadanna pleanála ar marthain. Coinníonn an Chomhairle uirthi ag déanamh a feidhme maidir le tógáil gcúram na n-eastát. Tá an Roinn Pleanála in idirchaidreamh faoi láthair le Roinn Seirbhísí Uisce na Comhairle agus le hUisce Éireann i ndáil le cur ar aghaidh thógáil i gcúram 45 forbairt chónaitheacha.

Bainistiú Forbartha

Is seasmhach go fóill é líon na n-iarratas a fuarthas go nuige seo, ag léiriú méadú cinnte le hais na mblianta roimhe sin. Is lán iad na clinicí Réamh-Phleanála anois, agus coinníonn an tÚdarás Pleanála air ag tabhairt feabhsú faoi deara i raon feidhme agus castacht na dtograí forbartha faoina bhráid.

D'ullmhaigh Comhairle Contae na Mí tuairisc faoin Acht um Bonneagar Straitéiseach i ndáil leis an iarratas d'Fheirm Ghaoithe Castletownmoor.

D'fhreastail Comhairle Contae na Mí freisin ar an Éisteacht ó Bhéal a reáchtáladh i ndáil leis an iarratas ar an Idirnascaire Thuaidh-Theas.

Rialú Cairéal

Coinníonn an tÚdarás Pleanála air ag monatóireacht agus ag measúnú na n-oibríochtaí cairéalachta i gContae na Mí.

Rialú Foirgníochta

Is é an tOifigeach Rialaithe Foirgníochta a chomhlíonann feidhm Rialaithe Foirgníochta na Comhairle, a bhíonn i gceannas freisin ar an bhFoireann Forfheidhmithe Pleanála. Feidhmíonn an fheidhm Rialaithe Foirgníochta ról criticiúil freisin ar Fhoireann Comhlíonta Airgeadais na Comhairle.

An Fhorbairt Eacnamaíoch agus an Fiontar

Táthar tar éis an dara bliain d'fhorfheidhmiú ár Straitéise Forbartha Geilleagraí 2014-2022 a bhaint amach, agus tá torthaí fíordhearfacha agus scéalta rathúla tar éis bheith trasna an chontae. Ceaptar an Mhí anois gan aon amhras mar phríomhláthair ghnó ar an ardán náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Poist

Tá Facebook tar éis tús a chur le tógáil a nlonaid Sonraí ag Cluain Aodha. Cruthófar beagnach 2,000 post le linn na céime tógála, agus 115 post nuair a thiocfaidh an t-ionad i mbun oibre.

Tá Avoca ag caitheamh os cionn €3m ag feistiú a n-áitribh nua gar do Dhún Búinne, a bheidh dlite le hoscailt go luath sa bhliain 2017, le cruthú os cionn 100 post.

Táthar tar éis cead pleanála a dheonú ar Shire le cruthú 400 post nuair a thiocfaidh a ngléasra i mbun oibre sa bhliain 2019, agus 700 post ann le linn na céime tógála.

D'fhógair an chuideachta teicneolaíochta airgeadais Prepaid Financial Services 30 post nua ina n-oifigí eComm Merchant Solutions i bPáirc Ghnó an IDA, an Uaimh, ag méadú a lucht saothair chuig 80. Tá an chuideachta ag tuar go gcruthófar 200 post breise sna blianta amach romhainn mar thoradh ar bhunú na hUaimhe mar mhol do chuideachtaí teicneolaíochta airgeadais.

Tá QME Mining Division atá lonnaithe san Uaimh tar éis conradh mór a ghnóthachan d'oibreacha fothalún ag Tara Mines, le 90 post nua cruthaithe.



Searmanas réitigh an tsuímh d'ionad sonraí Facebook i gCluain Aodha

Tacaíochtaí don Ghnó

Tá Seachtain Fiontair na Mí chun tosaigh go háitiúil agus go náisiúnta le réimse tionscnamh chun spreagadh, oiliúint, meantóireacht agus tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nua agus reatha sa Mhí.

Reachtáladh seoladh Phlean Gníomhaíocht Réigiún an Lár-Oirthir 2016-2017 san Uaimh i mí Eanáir 2016. Is í an Mhí an príomh-gheallsealbhóir dá fhorfheidhmiú, ar cuireadh tús leis le rannpháirtíocht i bhFóram Oilteachtaí Réigiún an Lár-Oirthir chun plé a dhéanamh ar struchtúr comhtháite faoi stiúir an oideachais d'fhostóirí chun na hoilteachtaí riachtanacha a fháil amach agus a fhorbairt i leith an oideachais agus na hoiliúna do ghnólachtaí.

Mol Nuálaíochta Bia Ghleann na Bóinne: Is é *Meath Enterprise* i gcomhar leis Comhairle Contae na Mí agus geallsealbhóirí seachtracha atá ag stiúradh an tionscnaimh sin. Is í an aidhm chun nuálaíocht agus taighde gnó a luathú sna réigiúin ach bunú comhpháirtíochtaí comhoibritheacha a chothú idir institiúidí taighde agus acadúla, cuideachta idir bheaga agus mhóra leis na huailmhianta chun fás sna margaí domhanda. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an saothar chun suíomh oiriúnach san Uaimh a aithint.

Is í Oifig Fiontair Áitiúil (OFA) na Mí an 'siopa céadfheastail' do gach tacaíocht Rialtais dóibh siúd sa Mhí a dteastaíonn uathu a ngnó a thosú nó a fhorhéadú agus poist a chruthú sa chontae, agus sholáthair sí cistiú timpeall €500,000 chun tacú le gnólachtaí sa bhliain 2016.

Bhronn OFA na Mí gradaim do na Fiontraíthe Óga agus na Fiontair Dhaltaí is Fearr in Éirinn, agus soláthraíodh réimse clár oiliúna, meantóireachta agus seimineár faisnéise gnó do FBMí i gcaitheamh na bliana 2016.

An Mhargaíocht

Táthar tar éis tús a chur leis an bhfeachtas *'Make it Meath'* le láithreán gréasáin nua (www.makeitmeath.ie). Tá an láithreán gréasáin deartha chun cuideachtaí Éireannacha agus Idirnáisiúnta mhealladh chun bheith lonnaithe sa Mhí. Is gníomhach iad cuntais *Make it Meath* sna meáin sóisialta, agus meallann siad lucht léitheoireachta áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Ceapadh WhiteLight Consulting chun foireann tionscnamh margáíochta nua a fhorbairt mar chuid de phlean margáíochta agus cumarsáide trí bliana don Straitéis Forbartha Geilleagraí.



Seastán Make it Meath ag Cruinniú Mullaigh na gComhchathracha, Páirc an Chrócaigh

Tionscnaimh Nua

Seoladh Straitéis Bhia Ghleann na Bóinne agus plean gníomhaíochta 5 bliana i mí Dheireadh Fómhair 2016. Is í aidhm na straitéise ná chun réigiún Ghleann na Bóinne a stiúradh mar sprioc náisiúnta do bhia agus deoch cheardaíochta. Aithnítear sa straitéis 6 cholún straitéiseacha do chruthú grúpa stiúrtha.

An Turasóireacht

Agus Plean Turasóireachta Ghleann na Bóinne 2012-2014 ag teacht chun críche, cheap Comhairle Contae na Mí i gcomhar le Comhairle Contae Lú comhairligh chun saothrú ar straitéis nua chúig bliana. Bhain deis leis an tráth sin agus Branda Oirthear Ársa na hÉireann gan ach bheith ag tosú amach. Seoladh an Straitéis Turasóireachta 5 bliana i nGleann na Bóinne 2016-2020 ag Cath na Bóinne an 23 Feabhra le Paul Kiely, Fáilte Éireann.

Tugadh aird ar fhorbairt na sócmhainní digiteacha i rith na bliana 2016. Tugadh an aip Oifigiúil *Discover Boyne Valley* chun críche agus seoladh í i mí Aibreáin, agus bíonn sí saor le híoslódáil chuig iPhone agus Android, agus í lán go béal le heolas faoi Ghleann na Bóinne. Cuireadh foireann clostreoracha léi i rith na bliana 2016, lena ligtear don úsáideoir chun éisteacht le hábhar beoga, stairiúil ar gach ceann de na hionaid oidhreachta ar fud

Slí Ghleann na Bóinne. Cuireadh amharc nascleanúna ní b'fhusa leis an láithreán gréasáin discoverboynevalley.ie agus leithdháileadh ríomh-iriseáin rialta do thomhaltóirí chun cuairteoirí méadaithe a mhealladh. Chonacthas méadú faoi 24% i líon na leantóirí ar chainéil sna meáin sóisialta ar fud na bliana, agus bímid i dteagmháil le hos cionn 32,000 duine ar fud ár gcainéal agus ríomhiriseán go léir sna meáin sóisialta.

Cruthaíodh deiseanna líonraithe do cheird na turasóireachta lenar áiríodh imeachtaí mearlónraithe a reáchtáladh ag Cath na Bóinne lenar mealladh os cionn 100 gnólacht turasóireachta. D'fhreastail Foireann Turasóireachta Ghleann na Bóinne agus ceird na turasóireachta ar 15 seó spreagtha lenar áiríodh bualadh ar oibreoirí turas idirnáisiúnta agus iriseoirí ag an margadh Taistil Dhomhanda thall i Londain agus ag Seó Gairdíní Philadelphia mar a raibh Brú na Bóinne mar spriocghné. Tugadh 11 oibreoir turas ar aistear chun dul i dtathí ar Ghleann na Bóinne, ónar tháinig pacáistí turasóireachta nua.



Seoladh Straitéis Bhia Ghleann na Bóinne

An Oidhreacht



Plean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020

Tionscadail 2016

Tugadh na tionscadail seo a leanas chun críche sa bhliain 2016 mar chuid den Plean Oidhreachta Contae le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta:

Ba sa bhliain 2016 a seachadadh an dara bliain de chlár oibre Phlean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020 agus Phlean Gníomhaíochta ar son na Bithéagsúlachta i gContae na Mí 2015-2020, lenar áiríodh eochairthionscadail agus eochairthionscnaimh:

Pleananna Gníomhaíochta Pobail um Bithéagsúlacht – Foilsíodh seacht *bPlean Gníomhaíochta Pobail um Bithéagsúlacht* - Ceanannas, Maigh Dearmhaí, Ráth Tó, Steach Maoilín, Baile Iúiliáin, Ráth Chairn agus Baile Shláine; agus cuireadh ar aghaidh bunú grúpaí forfheidhmithe áitiúla.

Ba i gcomhar le Réigiún Teorann an Oirthir, le Comhairle Contae Mhuineacháin, le Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin, le Comhairle Buirge Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon a taisceadh **iarratas ar chistiú Tionscadal EU LIFE** (Meán Fómhair 2016).

Cumann Allamuigh Stair an Dúlra i nGleann na Bóinne – reáchtáladh sé imeacht sa bhliain 2016, inar taiscéaladh foinsí teo an Bhóthair Bhuí, Beathra Éin in Inbhear na Bóinne, an dúlra ar Theamhair, an chéad Bhith-Blitz riamh sa chontae ag Portach na Greallaí, siúlóid d'ialtóga i Scoil Headfort agus sealgaireacht agus fungais i gcoillte Pháirc Dhealgan.

Tionscadal Oidhreachta agus Seandálaíochta Pobail Fhearann na mBráithre Dubha – saothraíodh i gcomhar le Scoil Seandálaíochta Allamuigh na hÉireann agus le Turasóireacht Chultúrtha Éireann chun clár oibre bliantúil a sheachadadh. Áiríodh leis na buaicphointí 32 imeacht pobail, seoladh an tionscadail staire béil *‘Living Among the Monuments’*– lenar bhain cuairteanna seachtainiúla chuig teach altranais áitiúil agus Clár Foghlama Bhaile Átha Troim d’Aosaigh chun stair shóisialta Bhaile Átha Troim sa chuimhne bheo a chur sna hannála. Áiríodh le tionscadail eile *Tochailt Seandálaíochta Pobail* a réachtáladh le linn Seachtain na hOidhreachta.

- **An Scéim Deontais um Oidhreachta Pobail 2016** –Thacaigh Comhairle Contae na Mí le 40 tionscadal pobail chun comóradh a dhéanamh ar an mbliain 1916.
- **An tSeachtain Oidhreachta 2016** – bileog chontae deartha agus 5,000 acu leithdháilte. Eagraíodh 75 imeacht ar fud an chontae (Lúnasa 2016).

Meitheal Phortach na Greallaí – Bith-Blitz ar Phortach na Greallaí le 200 rannpháirtí (Iúil 2016).

Ghlac Ceanannas ballraíocht le Lónra Bailte Múrtha na hÉireann sa bhliain 2016.

Ionchur an Oifigigh Oidhreachta i Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne, Ceardlann Oidhreachta 1916, Oirthear Ársa na hÉireann, Cultúr 2025, agus Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil agus Turas Columbanus.

Comhairle leanúnach faoin oidhreachta i leith atreoruithe pleanála, do ghrúpaí poiblí agus pobail lena n-áirítear roinnt iarratas faoi Chuid VIII agus SID.



Cuairt Chumann Oidhreachta Allamuigh Ghleann na Bóinne ar Theamhair

Comhdháil/Páipéir/Ceardlanna le Cuirí sa bhliain 2016

Imeacht:

*Kells Local Heroes – The Bigger Picture Seminar –
The Greening of Kells*

Dáta:	Bealt. 2016
Ionad:	Eaglais na hÉireann, Ceanannas

Imeacht:	<i>Kells Local Heroes – The Bigger Picture Seminar – Future Planning of Kells</i>
Dáta:	Nollaig 2016
Ionad:	Headfort Arms, Ceanannas

Tithíocht

Caipiteal Tithíochta

Leanadh ar aghaidh ag cur chun feidhme an Chláir Éifeachtúlachta Fuinnimh (Céim 1) i rith na bliana 2016, leis na hoibreacha tugtha chun críche ar 608 aonad tithíochta. Díródh na hoibreacha ar an insliú ballaí agus áiléir.

Tugadh faoi oibreacha athchóirithe ar ní ba mhó ná 70 corrfholúntas sa bhliain 2016.

Tugadh oibreacha ar 64 aonad chun críche faoi dheireadh na bliana de réir Scéim Oibreacha Oiriúnaithe na nÚdarás Áitiúil.

Slánaíodh cistiú d’oibreacha athchóirithe ar 11 aonad fholmha fhadtéarmacha laistigh dár soláthar tithíochta, lena n-áirítear aonaid a ndeachthas an phírít i bhfeidhm orthu agus teachíní tuaithe, agus na hoibreacha críochnaithe nó ag ardchéim.

Cuireadh tús leis an tógáil ar thionscadal tógála díri Bhaile an Bhiataigh (16 aonad), agus táthar ag dúil le seachadadh na n-aonad sin sa dara ráithe den bhliain 2017. I dteannta leis na tionscadail tógála díri i gCeanannas, Cnoc an Línsigh agus Baile Átha Buí a ceadáíodh sa bhliain 2015. Fuarthas cead do Chéim 1 sa bhliain 2016 ón Roinn i leith 16 aonad i Ráth Tó, agus 12 aonad do Chéim 2 Bhaile an Bhiataigh.

Is faoin gClár Fála 2016 atá 53 aonad ag an gcéim díola shocraithe/dhúnta, suite ar fud an Chontae.

Leithdháiltí Tithíochta

Shásaigh Comhairle Contae na Mí éilimh chóiríocht do 749 teaghlach sa bhliain 2016, trí mheán tacaíochtaí tithíochta éagsúla, lena n-áirítear an Íocaíocht Cúnaimh Thithíochta, an Scéim Cóiríochta Cíosa, Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta, chomh maith le trí mheán na gcorrfholúntas.

Táthar tar éis ceadú do 119 aonad faoin gCód Caiteachais Reatha na Tithíochta Sóisialta a ghnóthú ón saothar comhoibríoch le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta sa bhliain 2016, agus 88 aonad breise ag teacht i mbun oibre sa bhliain 2016 leis an earnáil tithíochta dheonach.

Deontais Tithíochta

Leithdháileadh cistiú deontais €1.7m sa bhliain 2016. Tugadh cead do 265 iarratas deontais tithíochta i gcaitheamh na bliana faoi na scéimeanna seo a leanas: Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine le Míchumas, Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus Deontais um Áiseanna Soghluaisteachta.

Seirbhís Easpa Dídine

Theastaigh socrúchán cóiríochta éigeandála ó chéad teaghlach is seachtó trí sa bhliain 2016.

Cóiríocht don Lucht Siúil

Táthar tar éis na spriocanna cóiríochta don bhliain 2016 faoin gClár Cóiríochta don Lucht Siúil 2014 - 2018 a ghnóthú.

Fuarthas faomhadh Rannach sa bhliain 2016, suim €2,856,336 d'fhorbairt grúpscéime tithíochta do Láithreán Stad Naomh Proinsias, An Uaimh.

Idirchaidreamh le Tionóntaí

Chríochnaigh sa bhreis ar 100 tionónta an oiliúint réamhthionóntachta i rith na bliana 2016, ag fáil éagsúlacht faisnéise maidir lena dtionóntacht le Comhairle Contae na Mí.

Tionscnaíodh roinnt tionscnamh bainistíochta eastáit i mBaile na Gaoithe, An Uaimh, lenar áiríodh scéim deontais don phéint sheachtrach, ceardlanna um bláthchiseáin chrochta/bláthbhoscaí fuinneoige, comórtas don teach is fearr, imeacht ghlantacháin chomhshaoil óige & múrmhaisiú, chomh maith le hoibreacha leasúcháin ar na huchtóga moillithe suite laistigh den eastát.

An Roinn Pobail

Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC)

Bunaíodh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil chun na críche cur chuige ciallmhar agus comhtháite don fhorbairt áitiúil agus pobail sa chontae a fhorbairt, a chomhordú agus a chur chun feidhme. Tá 19 ball ar an LCDC sa Mhí, ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon.

Is iad feidhmeanna an LCDC ná chun Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail a ullmhú agus a chur chun feidhme, chun forfheidhmiú na gclár áitiúil agus pobail agus chomhordú, a bhainistiú agus a mhaoirsiú thar ceann na ranna rialtais m.sh. cláir SICAP agus LEADER.

An Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail (LECP) 2016-2021

Ghlac an Chomhairle iomlán leis an LECP don Mhí an 7 Márta 2016. D'aontaigh an LCDC ar phlean gníomhaíochta bliantúil don bhliain 2016, le gach gníomhaireacht cheannasach freagrach as a gcuid gníomhartha féin. Ba í an Roinn a sheol na LECPí go náisiúnta ag an gComórtas Treabhdóireachta i mí Mheán Fómhair.

Cumasófar leis an LECP do spriocdhíríú acmhainní faoi bhainistíocht dhíreach an LCDC, faoi bhainistíocht na gcomhpháirtithe LCDC, agus faoi bhainistíocht dhíreach gníomhaireachtaí forbartha áitiúla eile le cistiú poiblí

agus comhlachtaí nach bhfuil ar an LCDC. Beidh sé dírithe ar ghníomhartha, agus seachadfar é trí mheascán de chláir údarás áitiúil agus de chláir na ngeallsealbhóirí eile.

Tacaíonn an fhorbairt eacnamaíoch agus an fhorbairt pobail lena chéile, cé gur feidhmeanna ar leithligh atá iontu, chun pobail agus geilleagair áitiúla láidre a chruthú. Is ionann an LECP agus plean comhtháite, agus teastóidh comhtháthú leanúnach idir an dá chomhpháirt óna fhorfheidhmiú, chun seachadadh comhordaithe gníomhartha a chinntiú don fhorbairt eacnamaíoch agus pobail araon.

An Clár um Ghníomhachtú an Chuimsithe Shóisialta sa Phobal (SICAP) 2015-2017

Seo í an dara bliain den chlár 3 bliana seo a fhaigheann cistiú ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is í an aidhm atá le SICAP ná chun an bochtanas a laghdú, an cuimsiú agus an comhionannas sóisialta a chur chun cinn trí mheán na rannpháirtíochta agus an chomhoibríthe áitiúil. Is í an fhís atá leis ná chun ionchais agus deiseanna beatha a fheabhsú dóibh siúd ar imeall na sochaí, atá beo bocht nó dífhostaithe, trí mheán cur chuige dírithe ar an bhforbairt pobail, tacaíochtaí spriocdhíríthe agus comhoibriú idirghníomhaireachta. Dámhadh an tairiscint chun an clár 3 bliana a sheachadadh ar Chomhpháirtíocht na Mí, mar fhorfheidhmitheoir cláir (PI) le buiséad €371,072 leithdháilte dó don bhliain 2016. Is é an LCDC an t-údarás conarthach chun SICAP a bhainistiú agus a riaradh ag leibhéal áitiúil. Is é an LCDC an t-eochairchinnteoir leis an bhfreagracht as monatóireacht na feidhmíocht agus faomhadh na n-íocaíochtaí le forfheidhmitheoir an chláir.

An Clár Leader 2014-2020

Beidh baint ag an LCDC ar a dtugtar an Grúpa Gníomhaíochta Áitiúil (LAG) le seachadadh an Clár Leader 2014-2020. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh gach moladh don chlár teacht chuig an LCDC chun glacadh le cinneadh agus/nó chun vótáil ina leith. Is iad an LCDC/LAG agus an tÚdarás Áitiúil a bhíonn freagrach as monatóireacht/maoirsiú agus seachadadh an chláir seo.

Thaisc an LCDC/LAS Straitéis Forbartha Áitiúil (LDS) ag deireadh na bliana 2015, ar thug an Roinn faomhadh di i mí na Bealtaine 2016. Is ionann leithdháileadh na Mí faoin gclár agus €6,903,123.57. D'aontaigh an LCDC ar chomhchur chuige i leith LEADER leis an LCDC, agus an LAG agus Comhpháirtíocht na Mí mar an comhpháirtí forfheidhmithe (IP). Shínigh an tAire Humphreys conradh an 8 Iúil 2016 idir an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, an LCDC/Chomhairle agus an Comhpháirtí Forfheidhmithe (IP) in Achadh an Iúir, agus síníodh an Comhaontú Leibhéal Seirbhísí idir an LCDC/Chomhairle agus an IP.

Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Is é an PPN an príomhnasc trína gcruthaíonn an t-údarás áitiúil naisc le grúpaí pobail agus deonacha. Is tríd an PPN atá an chomhairle ag lorg ionadaithe anois chun suí ar a chuid coistí ar nós na/an SPCí/JPC/LCDC.

Tá ballraíocht 427 grúpa ag an PPN i láthair na huaire. Is ar bhonn míosúil a bhuaileann an Rúnaíocht le chéile arb í maoirseoir an líonra í. Reáchtáladh an chéad chruinniú Iomlánach Contae den líonra i mí na Bealtaine 2016, agus táthar ag ullmhú plean oibre anois bunaithe ar na saincheisteanna a tugadh aníos ag an gcruinniú úd. Bítear ag nuashonrú go rialta láithreán gréasáin an PPN, www.meathppn.ie agus na brandála, le míreanna agus le faisnéis nuachta. Thosaigh oibrí tacaíochta PPN saintiomanta i bhfostaíocht i mí Mheán Fómhair, agus oibríonn siad leis an rúnaíocht chun a gcuid pleananna a chur ar aghaidh.

Tionscnamh na Mí a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

Táthar tar éis an tionscnamh Contae a thacaíonn le Daoine Breacaosta tar éis dul ar aghaidh go mór tar éis a sheolta i mí Mheán Fómhair, 2011. Féachtar leis chun iarrachtaí a fháil ó dhaoine breacaosta agus gach

saoránach chun is go mbeadh a gcuid pobal ní b'fhearr, ní ba shláintiúla agus ní ba shábháilte do dhaoine breacaosta chun cónaí agus chun bláthú iontu.

Táthar ag cur bailchríche faoi láthair leis an dara straitéis chun Tacú le Daoine Breacaosta Cuireadh lá comhairliúcháin ar siúl i mí Aibreáin ag Caisleán Átha Troim le 130 duine breacaosta ag freastal air ó fud an chontae, agus Brush Shiels mar aoi speisialta don lá. Tugtar tiomantais chun fuascailte sa dara straitéis chun eochairlimistéir bhonneagair, iompair, seirbhísí, faisnéise agus ár bhfreagra fhoriomláin do shaincheisteanna daoine breacaosta ar fud an chontae a fheabhsú.



Seoladh an dara straitéis Aoisbhá

Comhairle na nÓg

Bhí Cruinniú Ginearálta Bliantúil fíor-rathúil ag Comhairle na nÓg sa Mhí an 7 Deireadh Fómhair 2016, le hosc cionn 150 duine idir aoiseanna 12-18 bliain ag freastal air. Toghadh fiche feisire nua chun na Comhairle, chun an líon feisirí iomlán a thabhairt chuig 30 duine óg de gach aois. Vótáil siad freisin ar ábhar saothair nua do Chomhairle na nÓg sa Mhí mar an tSláinte agus an Aclaíocht. Saothróidh na daoine óga san ábhar sin don chéad dhá bhliain amach romhainn.

Chruthaigh Comhairle na nÓg sa Mhí bunscannán nua i rith na bliana 2016, *Talk to Me*, inar cuireadh chun cinn an fheasacht faoin meabhairshláinte. Ba í an tAire Helen McEntee a sheol é sin ag an CGB, agus dáileadh ar gach scoil, grúpa óige agus cumann óige trí mheán na meán sóisialta é. Ainmníodh an scannán úd do Ghradaim Mhórtais Cheantair Co-Operation Ireland i mí na Samhna, agus bhí sé mar chuid de Ghradaim Shaoránachta Foróige 2016.

Ghlac na daoine óga rannpháirt freisin i bhFéile Meabhairshláinte na Mí, Lá Rannpháirtíochta Óige na Mí le hObair d'Ógra Éireann, sa Lá Náisiúnta don Líonrú i measc Daoine Óga, Caisleán Bhaile Átha Cliath, i gcomhairliúchán na Roinne Dlí agus Cirt um an gCibearchoireacht, Imeacht Comórtha 1916 ina ndearnadh ceiliúradh ar shaol Patrick Kelly, i gcomhairliúchán na Roinne Oideachais faoin bhFoghlaim chun Saol níos Fearr

a Cheapadh; agus tá 15 duine óg ag feidhmiú mar ionadaí do Chomhairle na nÓg sa Mhí ag an Taispeántas Náisiúnta an 24 Samhain i bPáirc an Chrócaigh.

Comhchoiste Póilíneachta (JPC)

Is í aidhm fhoriomlán an JPC ná chun feidhmiú mar fhóram do chomhairliúchán, plé agus ceapadh moltaí i leith cúrsaí a théann i bhfeidhm ar an bpóilíneacht i limistéar an údaráis áitiúil.

Tá 15 comhairleoirí, 5 Feisirí Oireachtais, 2 oifigeach ó na hÚdaráis Áitiúil, 2 Ghardaí agus 7 ball den phobal sa choiste seo, agus 4 de na baill phobail ainmnithe tríd an Lónra Rannpháirtíochta Pobail (PPN).

Bhuail an coiste le chéile cúig huaire sa bhliain 2016, agus bhí cruinniú poiblí acu freisin in Óstán an Ashbourne House i mí Dheireadh Fómhair 2016.

Ghlac an coiste le Plean Straitéiseach 6 bliana i mí Feabhra na bliana 2016, agus bunaíodh 3 fho-ghrúpa chun na gníomhartha faoin bplean a chur ar aghaidh .i. Sábháilteacht an phobail agus cosc na coireachta, an tOrd Poiblí agus iompar frithshóisialta, an tsábháilteacht ar na bóithre agus iompar feabhsaithe ag tiománaithe.

Saoráidí Pobail

Dhiúscair an Chomhairle 0.196 heicteár talún agus Baile na Gaoithe, An Uaimh, chuig Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh Springboard na hUaimhe chun áitreabh nua le carrchlós a fhorbairt. Uasghrádaíodh clós súgartha Cheanannais le trealamh súgartha nua chun fónamh do gach aoisghrúpa. Sholáthair an Chomhairle cistiú i dteannta le leithdháileadh €20k ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus le ranníocaíochtaí ón bpobal trí iarrachtaí tiomsaithe airgid.

Osclaíodh an clós súgartha go hoifigiúil an 29 Lúnasa 2016.

Tionscnaimh Phobail - Mórtas Ceantair

Seachadtar clár tionscnamh comhshaoil agus cáilíocht na beatha le Tionscnaimh Phobail lena n-áirítear Mórtas Ceantair, Conradh Frithbhruscair agus Scoileanna Glasa; ina dtugtar spreagadh, aitheantas agus luach saothair do ghrúpaí pobail ghníomhacha, scoileanna agus daoine aonair a ghlacann rannpháirt san fhorbairt agus tionscadail feabhsaithe pobail ina gcuid ceantar féin.

Leanadh ar aghaidh leis an Mórtas Ceantair sa bhliain 2016, le comórtas ag leibhéal na gCeantar Bardasach áitiúil. Téann buaiteoirí catagóire ó gach Ceantar Bardasach ar aghaidh chun dul san iomaíocht ag leibhéal Contae. Tugadh isteach trí chatagóir nua i mbliana – an Sráid-Dreach is Fearr, an Aghaidh Siopa is Fearr agus an Turasóireacht/Fáilteachas is Fearr, chun rannchur na ngnólachtaí le bailte agus sráidbhailte gnóhacha a léiriú. Ghlac 209 Cumann Cónaitheoirí, grúpa pobail agus gnólacht rannpháirt sa chomórtas i mbliana. Ghlac 50 scoil rannpháirt i dTionscnamh Mhórtas Ceantair na Scoileanna agus iontráladh 151 grúpa sa Tionscnamh Frithbhruscair. D'iontráil an Chomhairle trí ghrúpa, Forbairt Pobail Dhroichead Chearbhalláin/na Cille Bige (daonra idir 300 - 1,000), Tarrtháil ó Abhainn na Mí (Tionscnamh Fiontair Shóisialta Pobail) agus Comhairle na nÓg (Tionscnamh For-Rochtana Pobal) chun bheith páirteach sa Mhórtas Ceantair IPB 2016, i gcomhar le Co-Operation Ireland.

An Scéim Deontais Phobail 2016

Tá an scéim seo sa dara bliain aici, ina dtugtar cuireadh d'iarraitais ó Ghrúpaí Pobail/Bhailte Slachtmhara/Chumainn Chónaitheoirí, scoileanna agus eagrais eile a bhíonn rannpháirteach i dtionscnamh pobail ina gceantar áitiúil. Is ann don scéim deontais chun cúnaimh le grúpaí pobail áitiúla a bhainfeadh tairbhe

as cistiú ar scála beag nó aonuaire chun tacú le gníomhaíochtaí a ngrúpa nó chun tionscadal faoi leith a fhorbairt.

Fuarthas na hiarratais seo a leanas faoi na catagóirí:

DEONTAIS GHNÍOMHAÍOCHTA POBAIL	Líon na nlarratasóirí	Líon na nlarratasóirí Rathúla
Dlúthbhaint an Phobail	25	21
Deontas do Dhaoine Breacaosta Gníomhacha	10	10
Comhionannas agus Cuimsiú Sóisialta	13	13
Pobal & Tacaíocht Óige	8	7
Feabhsú Foirgneamh sa Phobal	14	10
Caitheamh Aimsire & Forbairt Spórt	25	22
Deontas do Bhaile Slachtmhar	24	22
Deontas Féilte agus Imeachtaí	46	34
Scéim Phéinteála Sráid- Dreacha	11	11
Cumann Áitritheoirí	125	125
Deontas Reilige	25	23

Scéim Deontais Bhaile Chearráin

Gealladh cistiú €248,084 le Scéim Deontais Phobail Bhaile Chearráin do 25 tionscadal pobail ainmnithe faoi Scéim Deontais 2015 go luath sa bhliain 2016, a bhfuil an chuid is mó acu ar siúl faoi láthair. Dámhadh an méid €200,000 ar leithligh ar an tionscadal do sheomra ilchuspóireach i Scoil Cholmcille Mount Hanover, a íocadh thar thréimhse cheithre bliana agus tugadh chun críche sa 2016 é leis an íocaíocht dheireanach próiseáilte sa bhliain 2016.

Scéim Deontais Knockharley

Coinníonn Scéim Deontais Knockharley uirthi mar thairbhe don phobal áitiúil le ceannach deich n-acra i lár Sráidbhaile an Cheantaigh i gcomhair páirce nua agus tógáil Ionaid Phobail, ar cuireadh iarratas ar chead pleanála isteach ina leith agus ar ceadaíodh dá forbairt an 7 Meitheamh 2016. Dámhadh cistiú ar aon tionscadal déag ar leithligh go luath sa bhliain 2016, agus tá siad beagnach críochnaithe faoi Scéim Deontais Bhig na bliana 2015. Seoladh an Scéim Deontas Beag an 24 Deireadh Fómhair 2016, leis na hoibreacha á gcur ar aghaidh agus á gcríochnú sa bhliain 2017.

Unity Centre, Baile na Gaoithe, An Uaimh

Soláthraíonn an Unity Centre acmhainn luachmhar do Phobal Bhaile na Gaoithe agus don Uaimh trí chéile ach spás a sholáthar do ghníomhaíochtaí pobail chomh maith le gníomhaíochtaí oiliúna agus fóillíochta. Bíonn an tIonad ar oscailt idir 8.30 r.n. agus 9.30 i.n. ó Luan go hAoine chomh maith leis an Satharn de réir mar is gá. Reáchtálann daoine ó phobal Bhaile na Gaoithe Grúpa Tuismitheoirí agus Páistí Beaga agus Cumann Óige ar bhonn seachtainiúil, agus baineann eagrais ar nós an HSE, Rehabcare, Prosper Meath, Seirbhís Chríochnaithe Scolaíocht na hUaimhe, Tacaíocht Teaghlaigh Springboard agus Orchard Children's Services leas as go rialta don oiliúint agus don tacaíocht dá gcliaint áitiúla. Reáchtálann roinnt grúpaí tacaíochta cruinnithe seachtainiúla freisin, agus tá Réamhscoil i mbun oibre san fhoirgneamh. Cuireadh an Unity Centre ar ghearrliosta sa chatagóir Tacaíocht do Phobail Gníomhacha le Gradaim Chumainn Chomhlachais Éireann don Fheabhas sa Rialtas Áitiúil, a bheidh ar siúl i mí na Samhna.

Tionscnamh an Bhaile Shláintiúil - An Uaimh

Is tionscnamh mór é na Bailte Folláine a cistíodh agus a eagraíodh ag Pfizer agus a seoladh go hoifigiúil san Uaimh an 6 Meán Fómhair 2016 le Hector Ó hEochagáin.

Soláthraítear leis an tionscnamh deis do bhaile réigiúnach amháin in Éirinn in aghaidh na bliana chun ceiliúradh a dhéanamh ar gach ní a thairgtear ann ó thaobh na sláinte agus na sochaí de, agus chun feasacht a spreagadh i measc shaoránaigh an bhaile faoi chumas sláinte a gceantair áitiúil. Baineann gníomhaíochtaí breise saora in aisce leis freisin i ndáil leis an tsláinte ag tarlú sa bhaile ar mhaithe le leas an phobail go léir.

Ba thar thréimhse 8 seachtaine a reáchtáladh an tionscnamh i rith mhí Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair 2016. Áiríodh leis an gclár breis agus 300 scagthástáil sláinte ag Foras Croí na hÉireann, cruinnithe faisnéise poiblí, siúlóidí/rití agus turais chothaithe ollmhargaí, comhairle agus a thuilleadh nach iad.

Bhí feachtas poiblíochta cuimsitheach ann freisin i rith na n-ocht seachtaine, le fógraíocht agus ailt gach seachtain i bhforlónadh sláinte The Irish Times agus sna nuachtáin agus stáisiúin raidió áitiúla, agus le suíomh saintiomanta arna óstáil ar láithreán gréasáin the Irish Times.



Seoladh Tionscnaimh an Bhaile Shláintiúil san Uaimh

Scéim Athnuachana Baile & Sráidbhaile

Tacaíonn an scéim seo le hathbheochan na mbailte agus na sráidbhailte chun comhshaol maireachtála agus oibre a bpobal a fheabhsú agus chun a gcumas chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch mhéadaithe a mhéadú amach anseo.

D'aontaigh gach Ceantar Bardasach ar thionscadail dá gcur faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta; agus fuair gach tionscadal ceadú.

Tionscnamh Clár

Is clár infheistíochta spriocdhírthe do cheantair thuaithe leis an aidhm chun tuilleadh cistithe a sholáthar do thionscadail bhonneagair bheaga i gceantair ina bhfacthas bánú daonra suntasach roimhe seo. Is í an aidhm ná chun tacú le forbairt inbhuanaithe an cheantair Chlár shainaitheanta ach daoine a mhealladh chun oibriú agus cónaí ann. Tá roinnt tionscadal taiscthe agus iad ag feitheamh ar chinneadh ina leith.

Seirbhísí Leabharlainne

Seachadadh clár Céad Bliain na Mí ó 1916 i gcomhpháirt le geallsealbhóirí náisiúnta, áitiúla agus pobail.

Críochnaíodh aistriú na seirbhísí chuig an gcóras bainistíochta leabharlainne náisiúnta nua *Sierra*.

Athchumraíodh cleachtais oibre chun dul in oiriúint le seirbhís leithdháilte leabharlainne réigiúnaí nua.

Fuarthas cistiú do thionscnamh *My Open Library* ag an mbrainse i mBaile Átha Troim.

Tugadh isteach seirbhísí ríomhleabhar agus ríomhfhoghlama feabhsaithe i gcomhar leis an rolladh amach náisiúnta ón LGMA.

Tugadh isteach an tseirbhís *SurfBox* lán-uathobrithe féinseirbhíse don chlóbhualadh, scanadh agus cóipeáil ag leabharlanna Chill Dhéagláin, Dhún Búinne, Dhún Seachlainn, na hUaimhe agus Bhaile Átha Troim.

Cuireadh seirbhís náisiúnta nua um Fhaisnéis Ghnó ar siúl mar chlár píolótach ag leabharlann Chill Dhéagláin.

Forbraíodh, cláraíodh agus bainistíodh gníomhaíochtaí, imeachtaí agus tionscnaimh le Mary Lavin i gcomhpháirt leis an Oifig Ealaíon agus leis an Solstice Arts Centre. Atheisíodh *In the Middle of the Fields*

Bhí Roddy Doyle mar phríomhaoi ag an **bhFéile Leabhar do Leanaí** bhliantúil i mí Dheireadh Fómhair. Eagraíodh sa bhreis ar chéad imeacht le beagnach 6,000 leabhbh ó os cionn leathchéad scoil éagsúil ag freastal ar imeachtaí, sa chaoi go raibh sé mar an t-imeacht ceannródaíoch do leanaí sa Mhí.


D'fhreastail os cionn 4,000 leabhbh ar an gClár Samhraidh 367 d'imeachtaí arna n-eagrú ag an tseirbhís leabharlainne i rith mhíonna Iúil agus Lúnasa.

Seachadadh dhá chlár phiólótacha do sheirbhísí leanaí le haghaidh Aonad Leabharlainne LGMA

Ghlac 1,400 leabhbh rannpháirt sa Dúshlán Léitheoireachta Samhraidh bhliantúil.



Seó Draíochta na Cásca ag Leabharlann Bhaile Átha Troim



An Cathaoirleach an Clr. Brian Fitzgerald ag seoladh *Young Rebels*

An Oifig Ealaíon

Is é beartas agus misean Ealaíon le Comhairle Contae na Mí ná “chun rochtain ar na healaíona a mhéadú do gach cuid den phobal, chun spreagadh a thabhairt agus feasacht agus spéis a mhéadú sna healaíona, chun rannpháirtíocht sna healaíona a mhéadú, agus aitheantas á thabhairt do thábhacht na n-ealaíon i limistéir na forbartha pearsanta, na forbartha pobail, na fostaíochta agus na turasóireachta”. Coinníonn an Oifig Ealaíon uirthi ag cur chun feidhme eochairaidhmeanna agus eochairchuspóirí de réir Beartais Ealaíon straitéisigh na Comhairle.

Coimisiúnaíodh agus táirgeadh an coimisiún Amharclannaíochta 2016 ‘WILD SKY’ le Deirdre Kinahan. Léiríodh WILD SKY ar feadh 36 taibhléiriú a díoladh amach sa Mhí agus i mBaile Átha Cliath. Roghnaigh Cultúr Éireann agus an Coiste Cuimhneachán Idirnáisiúnta é dá áireamh leis an gClár Cuimhneachán Idirnáisiúnta, agus chuaigh sé ar camchuart chuig *the Irish Arts Centre*, thall in Manhattan, Nua-Eabhrac ar feadh sé thaibhléiriú (a díoladh amach). Ba é *the Irish Arts Centre* freisin a thug é chun roinnt ionad in New Jersey mar chuid dá chlár For-Rochtana Diaspóra.

Léiríodh agus foilsíodh an leabhar WILD SKY.

Saothraíodh leis an Oifigeach/gCoiste cuimhneachán chun tacú le seachadadh chlár cuimhneachán 2016 ar fud an chontae.

Seachadadh amharclann cuimhneachán na Leanaí – Born/Beirthe. Tionscadal is comhshaothrú idir Seirbhísí Ealaíon Chomhairle Contae na Mí, Comhairle Contae Lú agus an scríbhneoir Deirdre Kinahan, aistríodh an dráma go Gaeilge agus cuireadh é ar fáil do gach bunscoil sa Mhí agus i Lú sa Bhéarla agus sa Ghaeilge araon. Shaothraigh an Stiúrthóir & Scríbhneoir gradamach le trí scoil sa Mhí agus le trí cinn i Lú i gceardlanna faoin dráma agus i léiriúcháin a thaibhiú.

Cur chun feidhme an chlár mheantóireachta agus oiliúna FÉACH d'ealaíontóirí gairmiúla i gcomhar le *Visual Artists Ireland, the Irish Writers’ Centre* agus an Chomhairle Ealaíon.

Naoi dtaispeántas a reáchtáladh ag *Toradh Gallery*, Ionad Cultúrtha Chill Dhéagláin lena n-áirítear trí mhórhaispeántas cuimhneachán sa bhliain 2016.

Aitheasc, ceardlanna agus imeachtaí scoileanna le healaíontóirí a reáchtáladh ag *Toradh Gallery*.

Toradh ar Thurs – taispeántas de Chlúdaigh Leabhar do Leanaí le *Illustrators Guild of Ireland* a reáchtáladh ag Ionad Oidhreachta Cheanannais i mí Dheireadh Fómhair/Samhain 2016.

Toradh ar Thurs mar thionlacan le ceardlanna scoileanna – ocht gceardlann a reáchtáladh san Ionad Oidhreachta i gcomhpháirt le Seirbhísí Leabharlainne an Chontae mar chuid d’Fhéile Leabhar na Leanaí.

Forbraíodh comhpháirtíocht oibre nua le Gailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh.

Féile ‘Blaiste’ sna hEalaíona Óige a reáchtáladh i Ráth Tó, Feabhra 2016.

Imeacht idirghníomhach i rith an tSamhraidh sna hEalaíona do Leanaí ‘*Peter and the Wolf*’ a churaidh ar camchuart chuig éagsúlacht ionad i rith an tsamhraidh. Ceapadh agus forbraíodh *Peter & the Wolf* i gcomhpháirt le Music Ireland.

An Ealaín Phoiblí – clár bainistíochta na healaíne poiblí lena n-áirítear suiteáil an tsaothair ealaíne ‘*Duleek Tree*’ ag Damhliag.

Seoladh ‘The Chronicles of Meath’, dlúthdhiosca, saothar nua d’Ensemble Cláirseoirí le Vincent Kennedy agus *the Meath Harp Ensemble*, arna choimisiúnú ag Comhairle Contae na Mí.

Féile na Bealtaine a chlárú, a bhainistiú agus a chistiú ag ionaid ar fud an chontae.

Imeachtaí Féile Ealaíon Leanaí Oíche Shamhna *Púcas and Potions* a chlárú, a bhainistiú agus a sheachadadh.

Riarachán, measúnú agus bainistiú – Scéim Deontais Ealaíon Bhliantúil, Scéim Ealaíon Pobail, Scéim Forbartha Ealaíon Gairmiúil, Scéim Deontais d’Fhéilte, Scéim Cheannaigh Uirlisí Ceoil sna Scoileanna, Duais-Sparántacht Réigiúnach Ionad Tyrone Guthrie, Dámhachtain Chuimhneacháin Tony Finnegan & Tionscadal *Going Solo* na bliana 2016.

Tacaíocht agus cúnamh d’fhorbairt *Kells TypeTrail Festival*.

Seachadadh cláir oiliúna gairmiúil ‘*Training Notes*’ do cheoltóirí a shaothraíonn sa chóras cúraim shláinte i gcomhpháirt le *Kids Classics*, Ospidéal na hUaimhe agus Teach Beaufort.



Imeacht scríbhneora chónaithe do Bealtaine



Oíche Oscailte Wild Sky, le hurraíocht ó Oifig Ealaíon Chomhairle Contae na Mí

Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre

Tá gréasán bóithre os cionn 3,500 km ag Comhairle Contae na Mí chun bainistiú agus cothabháil a dhéanamh ina leith. Gnóthaítear an méid sin le comhar agus cúnamh ón NTA, TII, agus DTTAS trí 4 phríomhghné, eadhon:

- Cothabháil na mBóithre, lena n-áirítear an ghnáthchothabháil, cothabháil an gheimhridh, cóiriú dromchla agus soilsíú poiblí.
- Feabhsuithe ar bhóithre, lena n-áirítear Feabhsú Roghnach, Feabhsú Athchóirithe, Scéimeanna Feabhsúcháin Sonracha agus scéimeanna feabhsúcháin eile
- Trácht ar Bhóithre, lena n-áirítear bainistiú agus sábháilteacht tráchta

Tionscnaimh um Iompar Inbhuanaithe

Tugadh chun críche nó cuireadh tús le roinnt scéimeanna Feabhsúcháin Bhóithre sa bhliain 2016, a rannchuirfidh le feabhsú éifeachtúlacht agus sábháilteacht an ghréasáin bhóithre trí chéile.

Áiríodh leis na gnóthachtálacha:

- Seachadadh tuairim €23.5m sa chlár d'oibreacha bóithre.
- Comhlíonadh 11 Scéim Rannpháirtíochta Pobail.

Cuireadh ar aghaidh na Scéimeanna seo a leanas sa bhliain 2016 um Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád:

- Seachbhóthar Bhaile Shláine an N2 – Próiseas tairisceana déanta do chomhairligh.
- Céim 2 an N51 ag Dún Mó – Próiseas Chuid 8.
- Scéim Athailínithe an N52 idir Baile Stiofáin agus Fringestown.
- N51 An Bealach Buí – Oibreacha déanta ar an ngréasán iarmharach.
- Scéim Phábhála an N2 idir Baile Raithne agus Cnocán an Mhaonaigh.

Cothabháladh an fad seo a leanas den ghréasán bóithre neamhnáisiúnta sa bhliain 2016:

Athchóiriú Bóithre:

Bóithre Réigiúnacha 8.4 km.

Bóithre Áitiúla 55.1 km. (lena n-áirítear 7.1 km do CIS)

Cóiriú Dromchla:

Réigiúnach – 26.3 km. (lena n-áirítear faid athchóirithe bóithre)

Áitiúil –146.8 km. (lena n-áirítear faid athchóirithe bóithre)

Leithdháileadh Doininne – Leithdháileadh €700,000 ar Chomhairle Contae na Mí d’oibreacha chun damáiste ó stoirmeacha a chosc agus a dheisiú ag deireadh na bliana 2015/tús na bliana 2016.

Tugadh chun críche na próisis Chuid 8 do Chuarbhóthar Seachtrach Mhá Nuad agus Drombhóthar an R150 idir an Inse agus Baile an Bhiataigh.

Oibreacha Deisiúcháin Droichead

Rinneadh oibreacha deisiúcháin ar cheithre dhroichead ar bhóithre réigiúnacha agus ar shé dhroichead ar bhóithre áitiúla. Áiríodh leo sin deisiúcháin fairsinge agus oibreacha cosanta sciúrtha ag Droichead Chill an Chairn a athosclaíodh i mí Dheireadh Fómhair 2016.

Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal

Bhí seacht Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal curtha i gcrích, ceithre cinn acu ar bhóithre réigiúnacha agus trí cinn ar bhóithre áitiúla ag na hionaid seo a leanas: Bóthar Thigh na Sióg, Crosbhóthar Uí Chathasaigh, Plaitín, Maigh Fiachaire, Belpere, Ráth Faiche agus Baile an Phrútaigh.

Scéimeanna um Iompar Inbhuanaithe

Cuireadh ar aghaidh an saothar i leith na scéimeanna seo a leanas sa bhliain 2016:

- Leanúnachas le dearadh Ghlasbhealach na Bóinne – Céim 2 (ar siúl). Ullmhaíodh iarratas mór do Scéim Deontas Fáilte Éireann i leith Tionscadal Turasoíreachta Mór 2016-2020.
- An staidéar faoin bhfearann poiblí a chur ar aghaidh agus dearadh an bhonneagair iompair poiblí fheabhsaithe agus bainistiú tráchta comhbhainteach do lár an bhaile san Uaimh.

- Leanúint ar aghaidh le Dearadh an Líonra Rothair don Uaimh.
- Leanúint ar aghaidh le Dearadh an Líonra Rothair do Ráth Tó lena n-áirítear Bóthar Chnoc Bhruch na Cluana.
- Leanúint ar aghaidh le Dearadh an Líonra Rothair do Dhún Búinne.
- Leanúint ar aghaidh leis an dearadh do Dhroichead Starrmhaide ar Bhóthar Bhaile an Cheantaigh.
- Críochnú an Trasriain Thúcánaigh do Choisithe i nDún Búinne.

Scéimeanna eile deartha / tógtha ag STU thar ceann an Iompair/na gCeantar Bardasach:

- Soláthar cosán ag Cill Dealga, Baile Roibín, Droichead Átha/Mainistir Thulach an Mhuilinn, Baile an Cheantaigh
- Cosán i gCeanannas – Soláthar Pháirc Ghnó chuig R147.
- Trasnú do Choisithe ag Ráth Tó.
- Dearadh Acomhal Millbourne Ace, Acomhal an R135/Sráid an Chaisleáin agus Bóthar Bhaile an Mhuilinn i gCill Dhéagláin.

D'fhógair an DTTAS cistiú €1.9m i mí Iúil 2016 do thógáil an Ghlasbhealaigh idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh ar feadh na Canálach Ríoga. Táthar ag tabhairt faoi shaothar chun an dearadh a chomhlíonadh ionas gur féidir é a chur amach ar thairiscint.

Tugadh isteach toirmeasc ar HGVí cheithre acastóir i mí Iúil 2016, agus rinneadh córas aonbhealaigh a thástáil sa bhaile i míonna Lúnasa agus Mheán Fómhair

Athbhreithniú ar Theorainneacha Luais

Tá athbhreithniú ar theorainneacha luais taobh istigh den chontae ar siúl, agus táthar ag measúnú gach suíomh i ndáil leis na treoirlínte náisiúnta nua. Tháinig dréacht-fhodhlíthe 30 ksu in eastáit tithíochta i bhfeidhm an 3 Samhain 2016.

Seirbhísí Eile

Leanadh ar aghaidh leis an saothar ar sheachadadh seirbhísí eile:

- Gnáthchothabháil
- Seirbhís Chothabhála Geimhridh
- Seirbhísí Soilsithe Phoiblí
- Rialú Forbartha / Comhairle Pleanála Iompair
- Cothabháil Gléasra & Innealra
- Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Bhóithre
- Cur chun Cinn & Oideachas um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Éifeachtacht Fuinnimh

Seirbhísí Comhshaoil, Dóiteáin & Éigeandála

Baineann tábhacht shuntasach d'áitritheoirí agus do chuariteoirí ar Chontae na Mí le cosaint an chomhshaoil agus le feabhsú chomhshaoil nádúrtha agus tógtha an chontae. Is ríbhunúsach iad an t-aer agus an t-uisce glan, tuath shaor ó bhruscar, tránna gan mhilleadh agus córais bhainistíocht dramhaíola inbhuanaithe do chomhshaoil inbhuanaithe ardcháilíocht agus d'fheabhsú cháilíocht na beatha dár saoránaigh.

Tuilte

Baineann ullmhú dréachtphleananna um Bainistiú Riosca Tuilte leis an gClár um Bainistiú Riosca Tuilte Dobharcheantair (CRFAM) faoi cheannas Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), agus aithníodh timpeall 300 suíomh go náisiúnta mar chuid den réamh-Mheasúnú Riosca Tuilte de bheith mar riosca tuilte reatha nó intuartha féideartha amach anseo (ar a dtugtar AFAÍ).

Ullmhaíodh Dréachtphleananna um Bainistiú Riosca Tuilte do Bhaile Átha Buí, Baile Íomhair, Droichead Átha, Cill Choca, Maigh Dearmhaí, Má Nuad, Baile Uí Mhornaín, An Uaimh agus Baile Átha Troim; agus tiocfaidh siad faoi chomhairliúchán poiblí thar thréimhse 10 seachtaine ag críochnú i mí na Nollag 2016.

Sholáthair an OPW cistiú sa bhliain 2016 chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna na dtuilte i gCill Dhéagláin agus san Fhearann Thuaidh Baile an Bhiataigh mar ar cuireadh tús le hoibreacha agus a mbeidh siad dlite chun bheith críochnaithe sa dá áit sa bhliain 2017.

Bainistiú Pleanála Abhantraí

Bunaíodh struchtúir nua lena mbaineann an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil, an EPA agus na hÚdaráis Áitiúla faoi Rialacháin um an Aontas Eorpach (Beartas Uisce) 2014 i leith fhorbairt an dara timthriall de Phleananna um Bainistiú Abhantraí de réir mar a theastaíonn de réir na Creat-Treorach maidir le hUisce.

Is iad seo a leanas na príomhathruithe ag teacht aníos ó thaobh an Údaráis Áitiúil de:

- Bunaíodh Oifig Náisiúnta nua "Oifig Uisce agus Pobail na nÚdarás Áitiúil" (LAWCO) chun díriú ar chomhordú agus dlúthpháirtíocht poiblí.
- Comhfhiontar ceaptha ag Príomhúdarás – idir Comhairlí Contae Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann.
- Ceapadh Comhordaitheoirí Réigiúnacha, foireann tacaíochta agus Oifigigh Uisce Pobail sa bhliain 2016, agus le heochair-aird á cur ar rannpháirtíocht pobail.

Is amhlaidh ó mhí Eanáir 2016 ar aghaidh a dhéanfaidh an Chomhairle gach sampláil WFD d'aibhneacha agus lochanna, le minicíocht mhéadaithe agus óna dteastaíonn comhordú le hÚdaráis Áitiúla comharsanacha.

Soláthar Sleamhnán - An Bhóinn agus An Abhainn Dubh

Cheap an Chomhairle, i gcomhar le Gníomhaireachtaí Reachtúla eile le freagrachtaí as an mBóinn agus as an Abhainn Dubh, Comhairligh Chomhshaoil is speisialtóirí chun measúnú a dhéanamh ar shuíomhanna na sleamhnán sealadach do bháid atá i bhfeidhm ar feadh Abhainn na Bóinne agus chun na suíomhanna is

iomchú a mholadh do shleamhnán breise do bháid ar an mBóinn agus ar an Abhainn Dubh, atá ainmnithe araon mar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC).

Is tar éis chríochnú an bhreithmheasa atá measúnú comhshaoil ar siúl sna hionaid a mheastar bheith indéanta, leis an rún chun na hionaid a bhuanú agus ag dul ar aghaidh tríd an bpróiseas pleanála Cuid VIII, chuig dearadh mionsonraithe agus soláthar.

Cigireachtaí ar Dhabhcha Séarachais

Foráladh le plean imscrúdaithe Náisiúnta an EPA don bhliain 2016 do bheartú 43 cigireacht ar Dhabhcha Séarachais agus ar chórais chóireála dramhaíola baile eile sa Chontae. Nochtar teipráta timpeall 49% de na córais sin sna cigireachtaí úd, agus is de bharr sceití isteach san uisce dromchla nó sa screamhuisce an chuid is mó acu.

Oideachas agus Gníomhaíochtaí Feasachta Comhshaoil

Chuaigh an Chomhairle i mbun réimse leathan gníomhaíochtaí agus tacaíochtaí oideachais agus feasachta comhshaoil sa bhliain 2016, lena áiríodh:

- Tionscnaimh Scoileanna Glasa lena n-áirítear ceardlanna um Bithéagsúlacht, Múiríníú, Garraíodóireacht, Cur na gCrann srl.
- Iar-bhunscoileanna – *The Really Rubbish Film Company*, *ECO UNESCO Young Environmentalist*, *Leave No Trace* – ceardlanna idirbhliana.
- Grúpaí Pobail - An Conradh Frith-Bhruscair, Mórtas Ceantair, Bailte Slachtmhara, Feachtais Ghlantacháin san Uaimh agus i gCill Dhéagláin, Tionscadail do Chur na gCrann, Siúlóidí Bithéagsúlachta.
- Tacaíocht do Bhainistiú an Bhruscair ó Chomhairle Contae na Mí don Phobal agus do ghrúpaí eile i dtéarmaí trealaimh, bailiú ábhair, cur chun cinn srl.
- Tionscadal Píolótach um Dhramhbhia & Lá Feasachta Pacáistíochta sna hIonaid Fóntas Poiblí
- Áiríodh le tionscnaimh eile: Feachtais i gcoinne Saluithe ag Madraí agus úsáid Stionsal, Comharthaíochta, Tascfhórsa Bruscair, Glanadh Trá 2 Nóiméad, Cupáin Leathbhuaana – Siopaí Caifé, Idirmhalartuithe Leabhar, Fógraíocht Pictiúrlainne srl.

Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailiúcháin) 2016 - Íoc de réir Meáchain.

Thángthas ar chomhaontú i mí Iúil 2016 idir an Rialtas agus tionscal na Dramhaíola i ndáil le tabhairt isteach íoc de réir Meáchain don Dramhaíl Tí, a bhí ceaptha dá thabhairt isteach ó 1 Iúil 2016 ar aghaidh. Foráiltear sa chomhaontú do chás nach n-íocann custaiméirí níos mó ná mar a íocann siad faoi láthair don bhailiú dramhaíola, trí mheán reo praghsanna chuig deireadh mí an Mheithimh 2017, ag tabhairt deise dóibh chun glacadh leis an gcóras nua agus a gcuid dramhaíola a bhainistiú níos éifeachtúla.

Tosaíochtaí Náisiúnta don Fhorghníomhú Dramhaíola don bhliain 2016

I gcomhréir leis na tosaíochtaí náisiúnta don fhorghníomhú dramhaíola a aithníodh le Grúpa Stiúrtha Náisiúnta Forfheidhmiúcháin Dramhaíola, ba iad seo a leanas na tosaíochtaí forghníomhaithe do na Príomhúdaráis Réigiúnacha agus do na Comhúdaráis Áitiúla don bhliain 2016.

- Rolladh amach an Chórais Bhailiúcháin Dramhaíola Íoc de réir Meáchain.
- Forfheidhmiú an Tionscnaimh um Fhreagracht na dTáirgeoirí Dramhbhonn.
- An Dumpáil Mhídhleathach (lena n-áirítear dumpáil na dramhaíola ón sciúradh breosla)
- Forfheidhmiú na Rialachán um Dhramhbhia Teaghlaigh agus rolladh amach comhbhainteach na nAraidí Donna.

Creatlach na nÚdarás Áitiúil um Fhorfheidhmiú Comhshaoil

Tugann na húdaráis áitiúla fios don EPA gach bliain faoina gcuid pleananna forfheidhmiúcháin trí chóras ar a dtugtar Íoschritéir Mholta do Chigireachtaí Comhshaoil (RMCEI). Agus na pleananna sin á ndréachtú, leithdháileann na húdaráis Áitiúla do na limistéir is mó óna dteastaíonn siad, bunaithe ar an riosca a bhaineann leo don chomhshaoil, agus ar an tosaíocht a mheastar go háitiúil nó go náisiúnta, agus tásctar sna pleananna na leibhéil ghníomhaíochta molta agus taisctear sonraí faoi ghníomhaíochtaí críochnaithe i dteannta le heolas i dtaobh gnóthachtálacha suntasacha agus aon tionchair in-aitheanta.

Tá an EPA tar éis creatlach a dhearadh anois ag baint leasa as an eolas forfheidhmiúcháin sin, leis an rún chun cúnaimh le húdaráis áitiúla chun cláir feabhsúcháin leanúnacha a chur chun feidhme i limistéar an fhorfheidhmiúcháin chomhshaoil. Tá an EPA tar éis an chreatlach sin a chur chun feidhme i leith an tacair shonraí forfheidhmiúcháin chomhshaoil ba dhéanaí (2014), agus rinne sí tuarascálacha ina dtugtar torthaí achoimre i leith gach údarás áitiúil aonair agus comhthorthaí chun léiriú a thabhairt i leith fhorfheidhmiúcháin an rialtais áitiúil thar chúig príomh-cheannteideal (An Dramhaíl, An tUisce, PRI & Dramhbhia, An tAer & Córais Forfheidhmiúcháin).

Táthar tar éis an measúnú foriomlán ar Chomhairle Contae na Mí ina leith sin a aicmiú mar “Os cionn na Sprice” – is ionann an meán náisiúnta agus “Ag cloí leis an Spric”.

An tSeirbhís Dóiteáin

Cuirtear glao ar an tSeirbhís Dóiteáin & Tarrthála chuig réimse leathan teagmhas agus éigeandálaí ar fud an chontae tráth ar bith is nó istoíche, agus caitheann flít 30 feithicil na seirbhíse dóiteáin bheith réidh ó thaobh oibriúcháin de chun an riachtanas sin a shásamh. Tá líon mór foirgneamh freisin (lena n-áirítear áitreabh ceadúnaithe agus riosca ard/speisialta) sa Mhí mar a gcaitheann na hOifigigh Dhóiteáin Sinsearach cigireachtaí sábháilteachta dóiteáin a dhéanamh. I gcás oibreacha ar fhoirgnimh nua, ní foláir Deimhniú Sábháilteachta Dóiteáin a dheonú ina leith.



Plean Oibríochtaí

Is i bPlean Oibríochtaí Dóiteáin & Éigeandála Chomhairle Contae na Mí a leagtar amach na riachtanais feidhmiúla maille le treo straitéiseach agus spriocanna feidhmíocht do na chéad chúig bliana eile. Cé go bpléitear le hoibríochtaí Dóiteáin agus Éigeandála den chuid is mó sa phlean, pléitear ann freisin an líon saothar nach beag um Shábháilteacht Dóiteáin agus Cosc Dóiteáin a rinne Rannóg na Seirbhíse Dóiteáin, i dteannta leis an rannchur ag an Údarás Dóiteáin do Bhainistiú Mór-Éigeandálaí.

Oiliúint don tSeirbhís Dóiteáin

Leanadh ar aghaidh le saothar ó cheann ceann na bliana 2016 i leith riachtanais oiliúna na Seirbhíse Dóiteáin, lena n-áirítear:

- a) glacadh le Beartas Oiliúna
- b) tionscnamh ‘Caighdeán Tiomána don tSeirbhís Éigeandála’
- c) an Córas Bainistíochta Sábháilteachta – Beartais agus Nósanna imeachta.

Cosc Dóiteáin agus Sábháilteacht Dóiteáin sa Phobal

Le linn na Seachtaine Náisiúnta don tSábháilteacht Dóiteáin, 2016, agus ag tráthanna éagsúla i rith na bliana, d’eagraigh

Seirbhís Dóiteáin & Tarrhála na Mí sraith gníomhaíochtaí lenar bhain feachtais sna meáin, cruinnithe le leasghrúpaí speisialta, óstáil Laethanta Oscailte sna Stáisiúin Dóiteáin agus tabhairt faoi chuartheanna scoile chun teachtaireacht na sábháilteachta dóiteáin a chur chun cinn.

An Chosaint Shibhialta

Tá os cionn dhá chéad bhall is saorálaithe gníomhacha ann faoi láthair sa Chosaint Shibhialta ar fud Chontae na Mí. I dteannta leis na gnáthghníomhaíochtaí oiliúna sna naoi lárionad oiliúna, bhí saorálaithe na Cosanta Sibhialta ag imeachtaí ar fud na bliana 2016, ag soláthar cúnamh do na seirbhísí éigeandála agus do phobail áitiúla.



An Chosaint Shibhialta ag Rothaíocht Oidhreachta i mBaile Átha Troim



Imeacht Oiliúna na Cosanta Sibhialta

Seirbhísí Uisce

Cuirfidh Comhairle Contae na Mí tús leis an gceathrú bliain sa bhliain 2017 den Chomhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann lena n-áirithítear soláthar leanúnach oibriú agus chothabháil an Uisce agus Dramhuisce laethúil agus seirbhísí seachadta caipitil.

Is faoin gComhaontú Seirbhíse sin a choinníonn Comhairle Contae na Mí uirthi ag oibriú agus ag cothabháil gach saoráid agus líonra Seirbhísí Uisce laistigh de Chontae na Mí, agus chun bainistiú tionscadail a dhéanamh ar chlár chaipitil thar ceann Uisce Éireann. Is san fheidhm sin a choinníonn an Chomhairle uirthi ag feidhmiú eochair-ról um sholáthar seirbhísí Uisce agus Dramhuisce.

Cuntasaitear i mBuiséad na Comhairle don bhliain 2017 do chostais phárolla agus arna dtabhú go díreach ag foireann na Seirbhísí Uisce, agus do chion ionadaíoch den Mhuirear Bainistíochta Lárnach, a gheofar ar ais ar bhunús míosúil ó Uisce Éireann i rith na bliana 2017. Tá Uisce Éireann tar éis buiséadú go díreach do sholáthar earraí agus seirbhísí a bhaineann le soláthar Seirbhísí Uisce.

Ní bhíonn aon fhreagracht ag Uisce Éireann as uisce ó stoirmeacha, tuilte ó stoirmeacha, Grúpscéimeanna nó deontais do thoibreacha, deontais athsholáthair do pháobánra luaidhe, agus is amhlaidh dá réir a bheidh freagracht dhíreach ag an gComhairle as na cúrsaí úd.

D'aistrigh an Chomhairle an bhilleáil uisce agus dramhuisce neamhthí chuig Uisce Éireann i mí Iúil na bliana 2016. Is amhlaidh ámh a leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh i rith na bliana 2017 ag léamh méadar uisce neamhthí ar son Uisce Éireann agus ag soláthar tacaíochta billeála neamhthí freisin.

Plean Corparáideach 2015-2019 – Cuspóirí Straitéiseacha & Straitéisí Tacúla:

Cuspóir Straitéiseach	Seirbhísí den Scoth a Sheachadadh
Straitéisí Tacúla	Díreoidh Comhairle Contae na Mí ar chur chun cinn agus buanú leas sóisialta agus comhshaoil mhuintir na Mí.
	An leibhéal sástachta a thugann saoránaigh lenár seirbhísí a mhéadú
Cuspóir Straitéiseach	Bheith ag stiúradh na Forbartha Eacnamaíche
Straitéisí Tacúla	Beidh Comhairle Contae na Mí mar an phríomhghníomhaireacht i bhforbairt an gheilleagair sa chontae agus sa réigiún máguaird.
	Díriú ar chruthú agus ar choinneáil na bpost do mhuintir na Mí, agus saothrófar leis an tsúil chun rathúnas an réigiúin a mhéadú
Cuspóir Straitéiseach	Comhpháirtíochtaí Láidre le Tionchar a Thógáil
Straitéisí Tacúla	Tógfaidh gach leibhéal ceannaireachta ar fud Chomhairle Contae na Mí comhpháirtíochtaí láidre le tionchar mór lena n-eochairgheallsealbhóirí.
	Cáil na Comhairle i ngach croí-limistéar den saothar a fheabhsú.
Cuspóir Straitéiseach	Rannpháirtíocht leis an bPobal i gCoitinne
Straitéisí Tacúla	Feidhmeoidh pobail, daoine aonair agus foireann na Comhairle mar fhoireann ag cur chun cinn tionscnamh lena seachadfar an méid lena mbaineann tábhacht dár saoránaigh.
	Beidh foireann ar fáil chun éisteacht agus cumarsáid a dhéanamh le saoránaigh na Mí go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil ar bhunús leanúnach.
Cuspóir Straitéiseach	Cultúr an Fheabhais a Chothú i measc na Foirne

Straitéisí Tacúla	Beifear ag amharc ar Chomhairle Contae na Mí mar thogha fostóra sa réigiún, ina mbíonn mórtas ag an bhfoireann chun saothrú ina comhshaol forásach.
	Feicfidh idir chustaiméirí agus chomhghleacaithe idirighníomhuithe gairmiúla agus urramacha i struchtúr eagrúcháin chomhtháite ina dtugtar spreagadh don chothroime.
Cuspóir Straitéiseach	Cumas Córais agus Próisis a Fhorbairt
Straitéis Thacúil	Ligfear le próiseas gnó inmheánach agus le córais TFC Chomhairle Contae na Mí do rochtain thapa agus fhurasta ar fhaisnéis, chun tacú leis an bhfoireann agus le geallsealbhóirí seachtracha chun cinní eolacha a dhéanamh.

Tuairisc um Dhul chun Cinn an Phlean Chorporáidigh 2016

Limistéar Seirbhíse – An Fhorbairt Eacnamaíoch agus An Fiontar Eochair-Ghnóthachtálacha – 2016

Cuspóir Straitéiseach	Straitéis Thacúil	Beart Straitéiseach	Eochair-Ghnóthachtálacha 2016
Bheith ag stiúradh Forbartha Eacnamaíche	Beidh Comhairle Contae na Mí mar an phríomhghníomhaireacht i bhforbairt an gheilleagair sa chontae agus sa réigiún máguaird.	Oibriú mar phríomhghníomhaireacht don fhorbairt eacnamaíoch & chun bheith aitheanta mar an chéad phointe teagmhála d'fhorbairt eacnamaíoch sa Mhí. Bheith infheicthe don phobal gnó mar áis dhearfach, ghairmiúil agus chuiditheach, ag saothrú acmhainní chun gnó a mhealladh, a choinneáil & chun tacú leo.	<ul style="list-style-type: none"> • Straitéis Eacnamaíoch foilsithe. • Plean Margaíochta forbartha le forfheidhmiú leanúnach. • Nascálacha forbartha le soláthróirí oideachais & oiliúna chun freagraí a fhorbairt agus a sheachadadh d'éilimh oilteachtaí agus fostaíochta. • Suirbhé Iniúchta Scileanna curtha i gcrích. • Rannpháirtíocht láidir leis an bhFóram Scileanna Réigiúnach. • Athrú 3 tugtha chun críche. • Cuireadh tús leis an bpróiseas chun Pleananna Forbartha na hUaimhe & Cheanannais a athrú. • Pléadh le hiarratais ar Fhorbairt Eacnamaíoch taobh istigh de chúig seachtaine. • Seachtain Fiontair na Mí ar siúl i mí na Samhna. • Comhairligh dhearaidh ceaptha i mí an Mhárta do Sceall & Croí Fhoirgneamh Ardteicneolaíocht i bPáirc IDA na hUaimhe. • Cur chun cinn & margaíocht leanúnach na Mí mar shuíomh don fhorbairt eacnamaíoch trí éascú, rannpháirtíocht & freastal ar éagsúlacht imeachtaí & tionscnamh i dteannta le feidhmiú mar óstach do thoscaireachtaí náisiúnta & idirnáisiúnta. • Soláthraíodh cistiú €500,000 chun tacú le gnólachtaí sa bhliain 2016. • Bronnadh gradaim ar na Fiontraíthe Óga & Fiontair is Fearr ag Míc Léinn. • Soláthraíodh meantóireacht & réimse clár oiliúna & faisnéise gnó do FBMí. • Choinnigh an Uaimh a stádas de Bhratach Chorca sa bhliain 2016. • Ba é an Uaimh an chéad bhuaiteoir de Ghradam don Cheantar is Cairdiúla in Éirinn sa bhliain 2017.

Cuspóir Straitéiseach	Straitéis Thacúil	Beart Straitéiseach	Eochair-Ghnóthachtálacha 2016
Bheith ag stiúradh Forbartha Eacnamaíche	na Beidh Comhairle Contae na Mí mar an phríomhghníomhaireacht i bhforbairt an gheilleagair sa chontae agus sa réigiún máguaird.	An Mhí & Gleann na Bóinne a fhorbairt mar sprioc 'éigeantach' sa turasóireacht náisiúnta agus idirnáisiúnta.	<ul style="list-style-type: none"> • Seoladh Straitéis Bhia Ghleann na Bóinne & plean gníomhaíochta 5 bliana i mí Dheireadh Fómhair. • Sraith Bhia Ghleann na Bóinne: Iarratas rathúil ar mhaoiniú faoi Chiste CEDRA do Scéimeanna Turasóireachta Agraibhia. • Spás Nuálaíochta Lárionad Fiontair Cheanannais: D'éirigh le hiarratas ar chistiú CEDRA REDZ. • Caomhaontú chun Oifigeach Forbartha Bia a earcú. • Coiste Sraith Bhia Ghleann na Bóinne: Gnóthaíodh Uimh. a hAon mar Sprioc do Bheadaithe. • Tugadh chun críche le déanaí cur chun cinn do Léirithe Spéise LEADER. • Comhairligh ceaptha chun Straitéis Turasóireachta Ghleann na Bóinne 2016-2020 a fhorbairt. • Aip oifigiúil <i>Discover Boyne Valley</i> seolta i mí Aibreáin. • Foireann clostreoracha curtha leis i rith na bliana 2016. • Athbhreithniú ar láithreán gréasáin discoverboynevalley.ie & ríomhiriseáin rialta do thomhaltóirí scaipthe. • Méadú faoi 24% i líon na leantóirí sna meáin sóisialta – rannpháirtíocht le 32,000 duine ar fud gach cainéal sna meáin sóisialta agus sna hiriseáin. • Reáchtáladh imeacht mearlónraithe, ar mealladh os cionn 100 gnó chuige. • Freastalaíodh ar 15 seó fógraíochta. • Eagraíodh turas taithí do 11 oibreoir turas. <hr/> <ul style="list-style-type: none"> • Taispeántóir & freastal ar Chruinniú Mullaigh Chomhchathracha SAM. • Plean Gníomhaíochta Post Réigiúnach don Lár-Oirthear 2016-2017 seolta san Uaimh i mí Eanáir leis an Mí mar an príomh-gheallsealbhóir d'fhorfheidhmiú, ag tosú na rannpháirtíochta i bhFóram Scileanna Réigiúnach an Lár-Oirthir.
	Dírú ar chruthú agus ar choinneáil na bpost do mhuintir na Mí, agus saothrófar leis an tsúil chun rathúnas an réigiúin a mhéadú.	Comhpháirtíochtaí láidre le tionchar a thógáil le gníomhaireachtaí eile go náisiúnta & go háitiúil chun an Mhí a chur chun cinn mar rogha ionaid infheistíochta.	

Cuspóir Straitéiseach	Straitéis Thacúil	Beart Straitéiseach	Eochair-Ghnóthachtálacha 2016
-----------------------	-------------------	---------------------	-------------------------------

Bheith ag stiúradh Forbartha Eacnamaíche	Díriú ar choinneáil na mhuintir saothrófar leis an tsúil chun rathúnas an réigiúin a mhéadú.	Comhpháirtíochtaí láidre le gníomhaireachtaí eile go náisiúnta & go háitiúil chun an Mhí a chur chun cinn mar rogha ionaid infheistíochta.
--	--	--

- Fógraí Post:
 - Chuir Facebook tús le tógáil a Lárionaid Sonraí ag Cluain Aodha, le beagnach 2,000 post le linn na céime tógála & tuairim 115 post nuair a éireoidh an lárionad oibríochtúil;
 - Avoca ag feistiú a n-áitribh nua gar do Dhún Búinne le hos cionn 100 post le bheith cruthaithe nuair a osclófar é go luath sa bhliain 2017;
 - Cead pleanála tugtha do Shire le cruthú 400 post nuair a thiocfaidh a ngléasra i mbun oibre sa bhliain 2019 & 700 post le linn na tógála;
 - D'fhógair Prepaid Financial Solutions 30 post nua ina n-oifigí eComm Merchant Solutions i bPáirc Ghnó an IDA, an Uaimh, ag tabhairt a lucht saothair d'os cionn 80;
 - Tá QME Mining Division atá lonnaithe san Uaimh tar éis conradh mór a ghnóthachan d'oibreacha fothalún ag Tara Mines, le 90 post nua cruthaithe.

Cuspóir Straitéiseach	Straitéis Thacúil	Beart Straitéiseach	Eochair-Ghnóthachtálacha 2016
Seirbhísí den Scoth a Sheachadadh	Díreoidh Comhairle Contae na Mí ar chur chun cinn agus buanú leas sóisialta agus comhshaoil mhuintir na Mí.	Seirbhís pleanála den scoth a sholáthar.	<p>Pleanáil chun Cinn:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ceapadh comhairligh i dtéarmaí phróiseas athbheithnithe an Phlean Forbartha Contae (CDP) & i dtaca le SEA/AA, SFRA, an StraStraitéis Mhiondíolaithíochta; • Glacadh le hAthrú 3 den CDP i mí na Bealtaine chun an CDP a ailíniú le heochair-phrionsabail na Straitéise Forbartha Eacnamaíche; • Suíomh an Mhoil Bhia le hathrú i gcomhar le hathú an CDP; • Tháinig forbairt Straitéis um Inoiriúnaitheacht don Athrú Aeráide mar thoradh ar rannpháirtíocht san fhoireann, lena múnlófar an t-athbheithniú CDP; • Saothar ar siúl i leith Pleananna Fearainn Phoiblí don Uaimh, Cill Dhéagláin & Ceanannas. <p>Comhlíonadh Airgeadais:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Figiúirí bailithe 83% os cionn na sprice; • Ráitis arna n-eisiúint faoi dhó in aghaidh na bliana, ag giniúint gníomhaíochtaí ar chuntais suanacha. <p>Bainistiú Forbartha:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Clár suíomhanna folmha bunaithe; • Cuireadh tugtha don Rannóg Tithíochta chuig clinici réamhphleanála chun aontú ar riachtanais Chuid V. <p>Tionscadail Straitéiseacha:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Saothraíodh leis an Iompar & leis An Bord Pleanála maidir le SIDS agus Seachbhóthar Bhaile Shláinte; • Saothraíodh leis an Roinn Oideachais & Scileanna maidir le soláthar na suíomhanna scoile; • Saothraíodh leis an Rannóg Tithíochta chun éascú do phróiseas Chuid VIII do scaoileadh tailte don tithíocht. <p>Ranníocaíochtaí Forbartha:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Dréachtscéim Ranníocaíochta Forbartha 2016-2012 a tháinig i bhfeidhm i mí Eanáir; • Tháinig feabhsú beag ar fháltais ón mbliain 2015 i leith.

Cuspóir Straitéiseach	Straitéis Thacúil	Beart Straitéiseach	Eochair-Ghnóthachtálacha 2016
Seirbhísí den Scoth a Sheachadadh	Díreoidh Comhairle Contae na Mí ar chur chun cinn agus buanú leas sóisialta agus comhshaoil mhuintir na Mí.	Bainistíofar agus tabharfar cosaint dár n-oidhreacht & cuirfear chun cinn an tuiscint & an taitneamh den mhéid céanna.	<ul style="list-style-type: none"> • Athbhreithniú ar dhéanmhais chosanta ar cuireadh tús leis chun athbhreithniú ar Phlean Forbartha Contae a mhúnlú. • An dara bliain den Chlár Oibre seachadta, lena n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> ○ Seachtain Feasachta na Mí 2016 le hós cionn 70 imeacht arna reáchtáil sa Mhí; ○ Cumann Allamuigh Stair Nádurtha Ghleann na Bóinne – 6 imeacht arna reáchtáil; ○ Scéim Deontais Oidhreachta Pobail 2016 – tacaíocht d’ós cionn 40 tionscadal. ○ Pleananna Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht curtha chun feidhme i seacht mbaile; ○ Cuid d’fhoireann a chuir isteach iarratas LIFE an AE. • Saothar Tionscadail um Oidhreacht & Seandálaíocht Pobail Fhearann na mBráithre Dubha 2016: <ul style="list-style-type: none"> ○ Clár 32 imeacht pobail a reáchtáladh sa bhliain 2016; ○ Athraíodh tréithe an tsuímh ó bhonn agus feabhsaíodh a luach fónais leis an gclár gníomhachtaithe Gateway; ○ Clár cuimsitheach post-ex i bhfeidhm; ○ Bainistiú na cartlainne digití; ○ Margaíodh le hinstiúidí tríú leibhéal. • Deich mBliana na gCuimhneachán Chéad Bliain 2012-2022: <ul style="list-style-type: none"> ○ Tacaíodh le seachadadh an Chláir Chuimhneacháin Chéad Bliain ó 1916; ○ Seachadadh scéim deontas 1916; ○ Cuireadh tús leis an bpleanáil do Chlár Ledwidge 2017. • Suíomhanna Ríoga na hÉireann: <ul style="list-style-type: none"> ○ Ag feitheamh ar chríochnú leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Tuaithe, Gnóthaí Réigiúnacha & Gaeltachta do Thuairisc Meastóireachta Theicniúil. • Tionscadail a bhaineann leis an bhFóram Oidhreachta Contae, an Chomhairle Oidhreachta & geallsealbhóirí eile: <ul style="list-style-type: none"> ○ Ionchur de réir mar is gá.

Cuspóir Straitéiseach	Straitéis Thacúil	Beart Straitéiseach	Eochair-Ghnóthachtálacha 2016
Seirbhísí den Scoth a Sheachadadh	An leibhéal sástachta a thugann saoránaigh lenár seirbhísí a mhéadú.	<p>Plé le gach iarratas pleanála & iarratas ar thoiliú rialála foirgníochta ónár gcustaiméirí ar bhealach gairmiúil, comhsheasmhach, cothrom & trédhearcach.</p> <p>Pléadh go pras, go comhsheasmhach & go cothrom le saincheisteanna forghníomhaithe & le gearáin.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Tógáil i gCúram: <ul style="list-style-type: none"> • Tógadh 18 eastát i gcúram. • Bainistiú Forbartha: <ul style="list-style-type: none"> ○ Méadaíodh líon na n-iarratas ón mbliain 2015; ○ Bailíochtaíodh comhaid sa tráthchlár iomchuí; ○ Reáchtáladh clinicí réamhphleanála lán go béal; ○ Tugadh tosaíocht do sheachadadh aonad tithíochta breise; ○ Ullmhaíodh tuairisc faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) do An Bord Pleanála i ndáil leis an iarratas d’Fheirm Ghaoithe Castletownmoor; ○ Freastalaíodh ar Éisteacht ó Bhéal a cuireadh ar siúl i ndáil leis an iarratas don Idirnascaire Thuaidh-Theas. • Leanadh ar aghaidh ag freagairt do shaincheisteanna forghníomhaithe/neamh-chomhlíonta laistigh de thráthchláir reachtúla; • Tháinig méadú beag ar leibhéal na ngearán ón mbliain 2015.

Limistéar Seirbhíse – Pobal, Ealaíona & Seirbhís Leabharlainne - Eochair-Ghnóthachtálacha – 2016

Cuspóir Straitéiseach	Straitéis Thacúil	Beart Straitéiseach	Eochair-Ghnóthachtálacha 2016
Rannpháirtíocht leis an bPobal i gCoitinne	Feidhmeoidh pobail, daoine aonair agus foireann na Comhairle mar fhoireann ag cur chun cinn tionscnamh lena seachadfar an méid lena mbaineann tábhacht dár saoránaigh.	<p>Bheith aitheanta mar an phríomhghníomhaireacht don Fhorbairt Pobail sa Mhí.</p> <p>An fholláine a chur chun cinn do na glúnta reatha agus amach anseo.</p> <p>Beidh foireann ar fáil chun éisteacht agus cumarsáid a dhéanamh le saoránaigh na Mí go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil ar bhunús leanúnach.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • LCDC: <ul style="list-style-type: none"> ○ Glacadh le Plean Eacnamaíoch & Pobail Áitiúil 2016-2021 i mí an Mhárta & glacadh le plean forfheidhmithe bliantúil i mí an Mheithimh; ○ Sásaíodh spriocanna SICAP & glacadh leis an bPlean Bliantúil do 2017; ○ Glacadh le Straitéis Forbartha Áitiúil i mí na Bealtaine & seoladh Clár LEADER i mí Mheán Fómhair. • PPN: <ul style="list-style-type: none"> ○ Ballraíocht reatha de 427 grúpa; ○ Reachtáladh cruinniú iomlánach i mí na Bealtaine; ○ Cruinnithe démhíosúla na rúnaíochta; ○ Láithreán gréasáin – meathppn.ie – nuashonraithe go rialta; ○ Ceapadh Oibrí Tacaíochta PPN i mí Mheán Fómhair. • Aoisbháúil: <ul style="list-style-type: none"> ○ Cruinnithe ráithiúla na Comhghuaillíochta; ○ Tugadh chun críche comhairliúchán poiblí don Straitéis Aoisbháúil nua. • Comhairle na nÓg: <ul style="list-style-type: none"> ○ Toghadh baill nua na Comhairle ag AGM i mí Dheireadh Fómhair le 30 comhalta tofa; ○ Roghnaíodh an tSláinte & an Aclaíocht mar ábhar oibre nua; ○ Cruthaíodh scannán nua Talk To Me inar cuireadh chun cinn an fheasacht faoin meabhairshláinte & a ainmníodh do Ghradaim Co-operation Ireland um Mórtas Ceantair i mí na Samhna & bhí mar chuid de Ghradaim Shaoránachta Foróige 2016; ○ Ghlac rannpháirt i réimse imeachtaí & tionscnamh ar fud na bliana; ○ D’fheidhmigh mar ionadaí don Mhí ag an Sárthaispeántas Náisiúnta i mí na Samhna; ○ Aithníodh tionscadail nua.

Cuspóir Straitéiseach	Straitéis Thacúil	Beart Straitéiseach	Eochair-Ghnóthachtálacha 2016
